



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Eanáir 2024
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0003(NLE)

5400/24
ADD 1

ACP 5
COAFR 19
RELEX 35
WTO 9
UD 5

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Eanáir 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 5 final - ANNEX
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail lena sainmhínítear an coincheap 'táirge tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 5 final - ANNEX.

Faoi iamh: COM(2024) 5 final - ANNEX



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 12.1.2024
COM(2024) 5 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail lena sainmhínítear an coincheap 'táirge tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin

CINNEADH UIMH. X/202X Ó CHOISTE CCE

arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an Phrótacail lena sainmhínítear an coincheap 'táirge tionscnaimh' agus na modhanna comhair riaracháin

TÁ COISTE CCE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch eatramhach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), arna shíniú ag Camarún in Yaoundé an 15 Eanáir 2009 agus ag an Aontas Eorpach sa Bhruiséil an 22 Eanáir 2009, agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá feidhm ag an gComhaontú seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh sin agus, ar an taobh eile, maidir le críocha Pháirtí na hAfraice Láir (an Camarún).
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, déanfaidh Coiste CCE córas cómhálartach coiteann lena rialaítear na rialacha tionscnaimh a chur i gceangal leis an gComhaontú i bhfoirm Prótacail. Cuirtear an córas coiteann sin in ionad na gcóras is infheidhme i gcríocha na bPáirtithe faoi seach idir an 1 Eanáir 2008 agus dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (3) Tháinig na páirtithe ar chomhaontú maidir leis an bPrótacal lena sainmhínítear an coincheap 'táirge tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus le hAirteagal 108 den Chomhaontú, gabhann an Prótacal leis an gComhaontú agus is cuid dhílis den Chomhaontú é.

TAR ÉIS A CHINNEADH:

Airteagal 1

Déantar leis seo an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú lena sainmhínítear an coincheap 'táirge tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, a ghlacadh agus a chur i gceangal leis an gComhaontú.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ó dháta a shínithe.

Arna dhéanamh sa xxx, an

*Thar ceann Pháirtí na hAfraice Láir
(Camarún)*

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

IARSCRÍBHINN

Prótacal lena sainmhínítear an coincheap ‘táirgí tionscnaimh’ agus maidir le modhanna comhair riaracháin

ACHOIMRE

TEIDEAL I: Forálacha ginearálta

Airteagal

1. Sainmhínithe

TEIDEAL II: Sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’

Airteagail

2. Coinníollacha ginearálta
3. Táirgí a fuarthas go hiomlán
4. Táirgí a ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil orthu
5. Oibriú nó próiseáil easpach
6. Oibriú nó próiseáil ábhar a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach saor ó dhleacht
7. Carnadh tionscnaimh
8. Carnadh tíortha nó críoch a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoi scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife(GSP) de chuid an Aontais Eorpaigh
9. Carnadh in éineacht le tíortha nó críoch a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoi chomhaontuithe nó socruithe fabhracha de chuid an Aontais Eorpaigh
10. Aonad Incháilitheachta
11. Gabhálais, Páirteanna Breise agus Uirlisí
12. Tacair
13. Eilimintí neodracha
14. Deighilt chuntasaíochta

TEIDEAL III: Ceanglais chríochacha

Airteagail

15. Prionsabal an chríochachais
16. Prionsabal na neamhionramhála
17. Neamhchosaintí

TEIDEAL IV: Cruthúnas ar thionscnamh

Airteagail

18. Coinníollacha ginearálta
19. Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint
20. Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach
21. Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint
22. Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas
23. Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh
24. Cruthúnas ar thionscnamh a chur isteach
25. Allmhairiú i dtráthchodanna
26. Díolúintí ó chruthúnas tionscnaimh
27. Nós imeachta faisnéise maidir le carnadh
28. Doiciméid tacaíochta
29. An cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid tacaíochta a chaomhnú
30. Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla
31. Méideanna arna sloinneadh in euro

TEIDEAL V: Comhar riaracháin

Airteagail

32. Coinníollacha riaracháin maidir le táirgí a thairbheofar den Chomhaontú
33. Fógra na n-údarás custaim
34. Socruithe eile maidir le comhar riaracháin
35. Cruthúnas ar thionscnamh a fhíorú
36. Dearbhuithe soláthróirí a fhíorú
37. Réiteach díospóidí
38. Pionóis
39. Saorchriosanna
40. Na maoluithe

TEIDEAL VI: Ceuta agus Melilla

Airteagail

41. Coinníollacha speisialta
42. Coinníollacha sonracha

TEIDEAL VII: Forálacha deiridh

Airteagail

43. Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh
44. Iarscríbhinní
45. Cur chun feidhme an Phrótacail
46. Forálacha Idirthréimhseacha maidir le hEarraí Faoi Bhealach nó i Stóráil

IARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN I: Réamhnótaí maidir leis an liosta in Iarscríbhinn II

IARSCRÍBHINN II: Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun go dtabharfar an stádas ‘táirge tionscnaimh’ don táirge monaraithe

IARSCRÍBHINN II(a): Maoluithe ar an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun go dtabharfar stádas tionscnaimh don táirge arna dhéanamh

IARSCRÍBHINN III: Foirm i gcomhair deimhniú gluaiseachta

IARSCRÍBHINN IV: Dearbhú tionscnaimh

IARSCRÍBHINN V A: Dearbhú soláthraí do tháirgí a bhfuil stádas tionscnaimh fhabhraigh acu

IARSCRÍBHINN V B: Dearbhú soláthraí do tháirgí nach bhfuil stádas tionscnaimh fhabhraigh acu

IARSCRÍBHINN VI: Deimhniú faisnéise

IARSCRÍBHINN VII: Foirm iarratais ar mhaolú

IARSCRÍBHINN VIII: Tíortha agus críocha thar lear

IARSCRÍBHINN IX: Táirgí dá dtagraítear in Airteagal 7(5)

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH maidir le Prionsacht Andóra

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH maidir le Poblacht San Mairíne

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínte

Chun críocha an Phrótacail seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- a) ciallaíonn ‘monarú’ aon chineál oibríthe nó próiseála lena n-áirítear cur le chéile nó oibríochtaí sonracha;
- b) ciallaíonn ‘ábhar’ aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt etc. a úsáidtear chun an táirge a mhonarú;

- c) ciallaíonn ‘táirge’ an táirge atáthar a mhonarú, fiú má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonarúcháin eile;
- d) ciallaíonn ‘earra’ ábhar agus táirge araon;
- e) ciallaíonn ‘luach custaim’ an luach arna chinneadh i gcomhréir le Comhaontú 1994 maidir le cur chun feidhme Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus Thrádáil (Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le luacháil chustaim);
- f) ciallaíonn ‘praghas díreach ón monarcha’ an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir a ndéantar an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach ina ghnóthas, ar choinníoll go bhfuil luach na n-ábhar uile arna n-úsáid cuimsithe sa phraghas sin, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a onnmhairítear an táirge sin a fuarthas;
- g) ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh arna n-úsáid, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad praghas infhionnta a íocadh as na hábhair san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir;
- h) ciallaíonn ‘luach na n-ábhar tionscnaimh’ luach na n-ábhar sin a shainítear i bpointe (g) arna chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*;
- i) ciallaíonn ‘breisluach’ praghas na dtáirgí díreach ón monarcha lúide luach custaim na n-ábhar a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach ó thríú tíortha, ó stáit ACC a bhfuil CCE curtha i bhfeidhm acu go sealadach ar a laghad, nó ó thíortha agus críocha thar lear; mura bhfuil an luach custaim ar eolas nó mura féidir é a shuíomh, cuirfear san áireamh an chéad praghas infhionnta a íocadh as na hábhair san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir;
- j) ciallaíonn ‘caibidlí’ agus ‘ceannteidil’ na caibidlí agus na ceannteidil ceithre dhigit a úsáidtear san ainmníocht arb í an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtarraí í, dá ngairtear ‘an Córas Comhchuibhithe’ nó ‘CC’ sa Phrótocal seo;
- k) tagraíonn ‘aicmithe’ d’aicmiú táirge nó ábhair atá faoi cheannteideal áirithe;
- l) ciallaíonn ‘coinsíneacht’ táirgí a chuirtear go comhuaineach ó aon onnmhaireoir amháin chuig aon choinsíní amháin nó atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, de cheal doiciméad den sórt sin, atá cumhdaithe ag aon sonrasc amháin;
- m) ciallaíonn ‘críocha’ na críocha dá dtagraítear in Airteagal 100 den Chomhaontú, lena n-áirítear uiscí teorann;
- n) ciallaíonn ‘TCTL’ na tíortha agus na críocha thar lear mar a shainítear in Iarscríbhinn VIII.
- o) ciallaíonn ‘Stát na hAfraice Láir’ Stát na hAfraice Láir a liostaítear in Airteagal 95.1 den Chomhaontú;
- p) ciallaíonn ‘Páirtí na hAfraice Láir’ Stáit uile na hAfraice Láir a liostaítear in Airteagal 95.1 den Chomhaontú;
- q) ciallaíonn ‘Stáit ACC eile’ na tíortha ACC seachas Stáit na hAfraice Láir atá liostaithe in Airteagal 95.1 den Chomhaontú a chuireann CCE i bhfeidhm go sealadach ar a laghad;

TEIDEAL II

SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’

Airteagal 2

Coinníollacha ginearálta

1. Chun críocha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an Afraic Láir agus an tAontas Eorpach, dá ngairtear ‘an Comhaontú’ sa Phrótacal seo, measfar gur críoch aonair iad críocha Stáit na hAfraice Láir mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 den Phrótacal seo.
2. Chun críocha an Chomhaontaithe, measfar gur de thionscnamh an Aontais Eorpaigh na táirgí seo a leanas:
 - a) táirgí a fuarthas go hiomlán san Aontas Eorpach de réir bhrí Airteagal 3 den Phrótacal seo;
 - b) ábhair a fuarthas san Aontas Eorpach ina bhfuil ábhair nach bhfuarthas go hiomlán ann, ar choinníoll gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh orthu san Aontas Eorpach, de réir bhrí Airteagal 4 den Phrótacal seo.
3. Chun críocha an Chomhaontaithe, measfar gur de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir na táirgí seo a leanas:
 - a) táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí na hAfraice Láir de réir bhrí Airteagal 3 den Phrótacal seo;
 - b) ábhair a fuarthas i bPáirtí na hAfraice Láir ina bhfuil ábhair nach bhfuarthas go hiomlán ann, ar choinníoll gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh orthu i bPáirtí na hAfraice Láir de réir bhrí Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo.

Airteagal 3

Táirgí a fuarthas go hiomlán

1. Measfar go bhfuarthas na nithe seo a leanas go hiomlán i bPáirtí an Aontais Eorpaigh nó i bPáirtí na hAfraice Láir:
 - a) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;
 - b) táirgí mianracha a eastóscadh as ithir nó as grinneall na farraige na gcríoch sin;
 - c) táirgí ó thorthaí agus ó ghlásraí a bhuintear sna críocha sin;
 - d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sna críocha sin;
 - e)
 - i) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh sa Pháirtí sin;
 - ii) táirgí do bharshaothraithe, lena n-áirítear muirshaothrú, i gcás ina dtógtar na hainmhithe ó uibheacha, ó sceitheadh, ó larbhaí nó ó ghilidíní sna críocha sin;
 - f) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soithí an Aontais Eorpaigh nó Stáit san Afraic Láir as an bhfarraige lasmuigh d’uisce teorann na gcríoch sin;
 - g) táirgí a rinneadh ar bord longa próiseála na gcríoch sin as na táirgí dá dtagraítear i bhfomhír (f) agus as na táirgí sin amháin;
 - h) earraí athláimhe, níl siad oiriúnach ach chun amhábhair a aisghabháil;
 - i) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraithe a rinneadh sa Pháirtí sin;

- j) táirgí a eastóscadh as ithir mhuirí nó as fo-ithir mhuirí lasmuigh d'uisce teorann na gcríoch sin ar choinníoll gurb acusan amháin atá na cearta an ithir sin nó an fho-ithir sin a oibriú;
 - k) earraí a táirgeadh sna críocha sin as na táirgí a luaitear go sonrath i bpointí (a) go (j) agus as na táirgí sin amháin.
2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí 'soithí na gcríoch sin' agus 'longa próiseála na gcríoch sin' i mír 1 f) agus g) ach amháin maidir le soithí agus longa próiseála:
- a) go bhfuil siad cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i Stát san Afraic Láir;
 - b) a bhfuil bratach de Bhallstát an Aontais Eorpaigh nó bratach de Stát na hAfraice Láir in airde acu; agus
 - c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - i) Go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus/nó Pháirtí na hAfraice Láir;
 - nó
 - ii) gur le cuideachtaí iad:
 - a bhfuil a bpríomhoifigí agus a bpríomhionaid ghnó acu sa Stát na hAfraice Láir nó i mBallstát den Aontas Eorpach, agus
 - atá faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag comhlachtaí poiblí nó ag náisiúnaigh de Bhallstát amháin nó níos mó den Aontas Eorpach agus/nó Stát amháin nó níos mó den Afraic Láir.

Airteagal 4

Táirgí a ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil orthu

1. Chun críocha Airteagal 2, measfar go ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil ar tháirgí nach bhfuarthas go hiomlán, i gcás ina bhfuil na coinníollacha mar a shonraítear sa Liosta in Iarscríbhinn II comhlíonta.
2. Chun críocha Airteagal 2, agus d'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, féadfar a mheas go ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II (a) nuair a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 43(2) den Phrótocal seo, ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn II (a) ach amháin maidir le honnmhairí ó Pháirtí na hAfraice Láir agus ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Phrótocail seo cé is moite de tháirgí Chaibidlí 1-24, caibidlí a mbeidh feidhm ag Iarscríbhinn II (a) i gcónaí maidir leo gan teorainn ama.
3. Léirítear leis na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i gcás gach táirge a chumhdaítear faoin gComhaontú seo, an t-oibriú nó an phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear le linn na monaraíochta agus ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin ach amháin maidir leis na hábhair sin. Dá bhrí sin, má úsáidtear táirge le linn monarú táirge eile, ar táirge é a fuair stádas tionscnaimh de thoradh chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i gceann amháin de na liostaí, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha is infheidhme maidir leis an táirge lena n-ionchorpraítear é, agus ní thabharfar san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh a d'fhéadfaí a úsáid le linn a mhonaraithe.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh nár cheart, de réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn II(a), a úsáid le linn monarú táirge áirithe, ar choinníoll:
 - a) nach mó a luach iomlán ná 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás tháirgí an Aontais Eorpaigh agus 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás tháirgí Pháirtí na hAfraice Láir;
 - b) nach sárófar aon cheann de na céatadán atá leagtha síos sa liosta i gcáil uasluacha ábhar neamhthionscnaimh de thoradh an mhír seo a chur i bhfeidhm.
4. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 3 maidir le táirgí ó Chaibidil 50 go Caibidil 63 den Chóras Comhchuibhithe.
5. Beidh feidhm ag míreanna 1 go 5, ach amháin de réir fhorálacha Airteagal 5.

Airteagal 5

Oibriú nó próiseáil easpach

1. Measfar nach leor an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun gur féidir stádas táirgí tionscnaimh a thabhairt mar gheall orthu, bíodh ceanglais Airteagal 4 comhlíonta nó ná bíodh:
 - a) oibríochtaí a chaomhnú chun a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar na táirgí le linn iompair agus stórála;
 - b) oibríochtaí simplí a dhéantar le deannach a bhaint, nó leis an táirge a chriathrú nó a scagadh, a shórtáil, a aicmiú, a chomhoiriúnú (lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh), a ghlanadh, a ní, a phéinteáil, snas a chur, a ghearradh;
 - c) ocsaíd, ola, péint nó clúdaigh eile a bhaint;
 - d)
 - i) athruithe pacáistíochta agus briseadh agus cóimeáil pacáistí;
 - ii) an táirge a chur gan oibriú eile i mbuidéil, i bhfleascáin, i gcannaí, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, ar chartaí nó ar chláir etc., agus gach oibríocht phacáistithe eile nach bhfuil inti ach sin;
 - e) marcanna, lipéad, lógónna nó comharthaí idirdhealaithe den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht;
 - f) táirgí, a mheascadh go simplí, bídis ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídis; siúcra a mheascadh le haon ábhar;
 - g) páirteanna a chóimeáil go simplí chun táirge iomlán a dhéanamh;
 - h) díchóimeáil shimplí táirgí ina gcodanna;
 - i) teicstílí a iarnáil nó a phreasáil;
 - j) gránaigh agus rís a scileadh, a thuaradh i bpáirt nó ina n-iomláine, a shnasú agus a ghlórnú;
 - k) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó dea-bholadh a chur leis nó lean ndéantar cnapshiúcra; siúcra a mheilt i bpáirt nó ina iomláine;
 - l) torthaí, cnónna agus glasraí a scileadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;
 - m) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;

- n) teaghlaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí a luaitear go sonrach i bpointí (a) go (m);
 - o) ainmhithe a mharú.
2. Chun críocha mhír 1, measfar gur oibríochtaí simplí iad oibríochtaí nach n-éilíonn scileanna speisialta ná meaisíní, gaireas nó uirlisí a tháirgtear nó a shuiteáiltear d'aon ghnó do na hoibríochtaí sin chun iad a dhéanamh.
 3. Na hoibríochtaí uile a dhéantar san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad tráth a chinnfear an bhfuil an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin easpach de réir bhrí mhír 1.

Airteagal 6

Oibriú nó próiseáil ábhar a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach saor ó dhleacht

1. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 2, na hábhair neamhthionscnaimh a fhéadfar a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach saor ó dhleachtanna custaim faoi na taraifí náisiúin barrfhabhair¹ traidisiúnta i gcomhréir lena Chomhtharaif Chustaim², measfar gur de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir iad nuair a ionchorpraítear iad i dtáirge a fhaightear sa Pháirtí sin, ar choinníoll go ndearnadh iad a oibriú nó a phróiseáil ansin de bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 5(1).
2. Níl feidhm ag mír 1 maidir leis na ábhair a bhíonn, tráth a n-allmhairithe chuig an Aontas Eorpach, faoi réir dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh nuair a thionscnaítear iad ón tír atá faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh sin.
3. Chun críocha an charntha dá bhforáiltear i mír 1, i mbosca 7 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 19 nó sna dearbhuithe tionscnaimh arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 22, beidh ceann amháin de na ráitis seo a leanas:
 - ‘Application of Article 6 (1) of Protocol to the EU-Central Africa interim agreement’;
 - ‘Cur i bhfeidhm Airteagal 6(1) den Phrótacal a ghabhann leis an gcomhaontú eatramhach idir an tAontas Eorpach agus an Afraic Láir’.
4. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra do Choiste CCE gach bliain faoi liosta na n-ábhar a bhfuil feidhm ag forálacha mhír 1 maidir leo. Tar éis fógra a fháil, foilseoidh an Coimisiún Eorpach an liosta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus foilseoidh Stáit na hAfraice Láir é i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

Airteagal 7

Carnadh tionscnaimh

1. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 2, na hábhair de thionscnamh ceann de na Páirtithe, de thionscnamh Stát ACC eile a bhfuil CCE curtha i bhfeidhm go sealadach acu ar a laghad, nó de TCTL, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí eile iad nuair a ionchorpraítear iad i

¹ Tagróidh an faoiseamh seo do na dleachtanna custaim traidisiúnta a luaitear i gcolún 3 de sceideal na ndleachtanna, is é sin le rá Cuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, chomh maith leis na téacsanna lena leasaítear an Rialachán sin agus téacsanna gaolmhara eile.

² Féach Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim agus na téacsanna lena leasaítear an Rialachán seo agus téacsanna gaolmhara eile.

dtáirge a fuarthas ansin, ar choinníoll gur mó an t-oibriú nó an phróiseáil a dhéantar sa Pháirtí sin ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

I gcás nach mó an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sa pháirtí lena mbaineann ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, mír 1, ní mheasfar an táirge a fuarthas a bheith de thionscnamh an pháirtí sin ach amháin i gcás inar mó an breisluach a chuirtear leis ná luach na n-ábhar a úsáideadh ar de thionscnamh ceann de na tíortha nó de na críocha eile, is cuma cé acu ceann í. Murab amhlaidh sin, measfar an táirge a fuarthas a bheith de thionscnamh na tíre nó na críche lena mbaineann an luach is airde ábhar a úsáideadh le haghaidh mhonaraíocht an táirge deiridh.

Cinnfear tionscnamh ábhar de thionscnamh Stáit ACC agus TCTLanna eile i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme faoi chomhaontuithe nó socruithe fabhracha idir an tAontas Eorpach agus na tíortha nó na críocha sin agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 27.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 2, an t-oibriú agus an phróiseáil a dhéantar i gceann de na Páirtithe, i Stáit ACC eile nó sna TCTLanna, measfar iad a bheith déanta sa Pháirtí eile, ar choinníoll go ndéantar oibriú nó próiseáil ar na hábhair ina dhiaidh sin de bhreis ar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

I gcás nach mó an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar i gceann amháin de na páirtithe ná na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, mír 1, ní mheasfar an táirge a fuarthas a bheith de thionscnamh an pháirtí sin ach amháin i gcás inar mó an breisluach a chuirtear leis ná luach na n-ábhar a úsáideadh i gceann de na tíortha nó de na críocha sin, is cuma cé acu ceann í. Murab amhlaidh sin, measfar an táirge a fuarthas a bheith de thionscnamh na tíre nó na críche lena mbaineann an luach is airde ábhar a úsáideadh le haghaidh na monaraíochta.

Cinnfear tionscnamh an táirge chríochnaithe i gcomhréir le rialacha tionscnaimh an Phrótacail seo agus le forálacha Airteagal 27.

3. Chun críocha an charntha dá bhforáiltear i mír 1, i mbosca 7 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 19 an Phrótacail seo nó sna dearbhuithe tionscnaimh arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 22 den Phrótacal seo, beidh ceann amháin de na ráitis seo a leanas:

– ‘Application of Article 7(1) of Protocol to the EU-CA iEPA’;

– ‘cur i bhfeidhm Airteagal 7(1) den Phrótacal a ghabhann le CCE AE-Stát na hAfraice Láir’.

4. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear i mír 1 agus i mír 2 a chur i bhfeidhm ach amháin i leith Stáit ACC eile agus TCTLanna ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

- a) go bhfuil socrú nó comhaontú maidir le comhar riaracháin déanta ag an bpáirtí is faighteoir agus ag na tíortha nó na críocha uile a bhfuil baint acu leis an stádas tionscnaimh a fháil lena n-áirithítear cur chun feidhme ceart an Airteagail seo agus lena n-áirítear tagairt d’úsáid an chruthúnais tionscnaimh iomchuí;

- b) go soláthróidh Páirtí na hAfraice Láir agus an tAontas Eorpach³ dá chéile, tríd an gCoimisiún Eorpach agus tríd an Aireacht atá freagrach as an gComhaontú, mionsonraí na gcomhaontuithe comhair riaracháin leis na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear san Airteagal seo. Foilseoidh an Coimisiún Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus foilseoidh Stáit na hAfraice Láir de réir a nósanna

³ Déantar foráil maidir leis na gealltanais maidir le comhar riaracháin a chur ar fáil idir an tAontas agus Stáit ACC eile sa CCE laistigh dá bprótacail faoi seach maidir le rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin.

imeachta féin, an dáta is féidir an carnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a fheidhmiú i leith na dtíortha nó na gcríoch sin a liostaítear san Airteagal seo a bhfuil na ceanglais riachtanacha comhlíonta acu.

5. An carnadh dá bhforáiltear san Airteagal, seo ní fhéadfar é a chur i bhfeidhm maidir le táirgí atá ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IX ach amháin i gcás inar de thionscnamh Stáit ACC eile nó i gcás inar de thionscnamh na dtáirgí sin na hábhair a úsáideadh chun na táirgí sin a mhonarú nó i gcás ina ndéantar an t-oibriú nó an phróiseáil i Stát ACC eile a bhfuil CCE curtha i bhfeidhm aige go sealadach ar a laghad.
6. Ní bheidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo maidir leis na hábhair a leanas:
 - a) faoi cheannteidil 1604 agus 1605 an Chórais Chomhchuibhithe ar de thionscnamh Stáit CCE an Aigéin Chiúin iad faoi Airteagal 6(6) de Phrótocal II a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile⁴;
 - b) faoi cheannteidil 1604 agus 1605 an Chórais Chomhchuibhithe ar de thionscnamh Stáit CCE an Aigéin Chiúin iad faoi aon fhoráil de Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus Stáit ACC san Aigéan Ciúin amach anseo;
 - c) de thionscnamh Phoblacht na hAfraice Theas nach féidir a allmhairiú go díreach isteach san Aontas Eorpach saor ó dhleacht agus saor ó chuóta.
7. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra do Choiste CCE gach bliain faoi liosta na n-ábhar a ndírítear orthu i bhforálacha mhír 6(c) den airteagal seo. Tar éis fógra a fháil, foilseoidh an Coimisiún Eorpach an liosta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus foilseoidh Stáit na hAfraice Láir é i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

Airteagal 8

Carnadh maidir le tíortha nó críoch a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoi scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife (GSP) de chuid an Aontais Eorpaigh

1. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 2, ábhair de thionscnamh tíortha agus críoch:
 - a) a thairbhíonn den 'socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt' faoi scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife (GSP)⁵ de chuid an Aontais Eorpaigh;
 - b) a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht saor ó chuóta ar mhargadh an Aontais Eorpaigh faoi fhorálacha ginearálta scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife⁶,measfar gur ábhair de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir iad nuair a ionchorpraítear iad i dtáirge a fhaightear sa Pháirtí sin. Ní bheidh sé éigeantach leoroibriú ná leorphróiseáil a

⁴ Cinneadh 2009/729/CE ón gComhairle an 13 Iúil 2009.

⁵ I gcomhréir le hAirteagal 17 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife, chomh maith leis na téacsanna lena leasaítear an Rialachán sin agus téacsanna gaolmhara eile.

⁶ I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife, chomh maith leis na téacsanna lena leasaítear an Rialachán sin agus téacsanna gaolmhara eile. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le hábhair a cháilíonn do chóireáil saor ó dhleacht faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá bhforáiltear in Airteagal 9 go 16 den Rialachán sin, ach ní bheidh feidhm aici faoi na socrúithe ginearálta dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán sin.

bheith déanta ar na hábhair sin, ar choinníoll go bhfuil níos mó oibrithe nó próiseála déanta orthu ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 5 mír 1. Má tá ábhair neamhthionscnaimh ann freisin, déanfar oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar aon táirge a bhfuil na hábhair sin ionchorpraithe ann i gcomhréir le forálacha Airteagal 4 chun a mheas gur de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir é.

2. Cinnfear tionscnamh ábhair na dtíortha nó na gcrióch dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme faoi scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife de chuid an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 27.
3. Ní bheidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear i mír 1 maidir leis na hábhair a leanas:
 - a) tráth a n-allmhairithe chuig an Aontas Eorpach, atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh nuair a thionscnaítear iad ón tír atá faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh sin;
 - b) a thagann faoi fho-cheannteidil taraife Chóras Comhchuibhithe 3302.10 agus 3501.10;
 - c) a thagann faoi tháirgí tuinnín a aicmítear i gCaibidil 3 den Chóras Comhchuibhithe a chumhdaítear le scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife de chuid an Aontais Eorpaigh;
 - d) a ndéantar fabhair tharaife a dhíothú (céimniú) nó a chur ar fionraí (clásal coimirce) ina leith faoi scéim na bhfabhar ginearálaithe taraife de chuid an Aontais Eorpaigh.
4. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra do Choiste CCE gach bliain faoi liosta na n-ábhar agus na dtíortha a bhfuil feidhm ag forálacha mhír 1 maidir leo. Tar éis fógra a fháil, foilseoidh an Coimisiún Eorpach an liosta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus foilseoidh Stáit na hAfraice Láir é, ar comhpáirtithe iad sa chomhaontú seo, i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh Páirtí na hAfraice Láir fógra do Choiste CCE gach bliain maidir leis na hábhair ar cuireadh an carnadh dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2 i bhfeidhm maidir leo.
5. Chun críocha an charntha dá bhforáiltear i mír 1, i mbosca 7 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 19 nó sna dearbhuithe tionscnaimh arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 22, beidh ceann amháin de na ráitis seo a leanas:
 - ‘Application of Article 8 (1) of Protocol to the EU-Central Africa interim agreement’;
 - ‘Cur i bhfeidhm Airteagal 8(1) den Phrótacal a ghabhann leis an gcomhaontú eatramhach idir an tAontas Eorpach agus an Afraic Láir’.
6. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear i mír 1 a chur i bhfeidhm ach ar na coinníollacha seo a leanas:
 - a) go bhfuil socrú nó comhaontú maidir le comhar riaracháin déanta ag na tíortha uile a bhfuil baint acu leis an stádas tionscnaimh a fháil lena n-áiríthítear cur chun feidhme ceart an Airteagail seo agus lena n-áirítear tagairt d’úsáid an chruthúnais tionscnaimh iomchuí;
 - b) go soláthróidh Stáit na hAfraice Láir, trí bhíthin an Choimisiúin Eorpaigh, sonraí comhaontuithe don Aontas Eorpach, mionsonraí maidir le comhar riaracháin le tíortha nó le críocha eile dá dtagraítear san Airteagal seo. Foilseoidh an Coimisiún Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) an dáta a bhféadfar an carnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur i bhfeidhm leis na tíortha nó leis na

críocha dá dtagraítear san Airteagal seo a bhfuil na ceanglais riachtanacha comhlíonta acu.

Airteagal 9

Carnadh in éineacht le tíortha nó críoch a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoi chomhaontuithe nó socruithe fabhracha de chuid an Aontais Eorpaigh

1. Ar fhógra a fháil ó Stát de chuid na hAfraice Láir, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 2 agus faoi réir fhorálacha mhíreanna 2, 3 agus 6 den Airteagal seo, measfar gur ábhair de thionscnamh Stát na hAfraice Láir ábhair de thionscnamh tíortha nó críocha a thairbhíonn de chomhaontuithe nó de shocruithe lena dtugtar rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar mhargadh an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh Stát na hAfraice Láir an fógra a tharchur chuig an Aontas Eorpach tríd an gCoimisiún Eorpach. Beidh feidhm ag carnadh fad a bheidh na coinníollacha chun é a dheonú comhlíonta fós. Ní bheidh sé éigeantach leoroibriú ná leoprhróiseáil a bheith déanta ar na hábhair lena mbaineann, ar choinníoll go bhfuil níos mó oibrithe nó próiseála déanta orthu ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 5 mír 1.
2. Cinnfear tionscnamh ábhar na dtíortha nó na gcríoch eile i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme faoi chomhaontuithe nó socruithe fabhracha idir an tAontas Eorpach agus na tíortha agus na críocha sin agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 27.
3. Ní bheidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear i mír 1 maidir leis na hábhair a leanas:
 - a) a thagann faoi Chaibidlí 1 go 24 den Chóras Comhchuibhithe nó a áirítear sa liosta táirgí a leagtar amach i mír 1 (ii) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú ar Thalmhaíocht a áirítear i gComhaontú GATT/WTO 1994;
 - b) tráth a n-allmhairithe chuig an Aontas Eorpach, atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh nuair a thionscnaítear iad ón tír atá faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh sin;
 - c) atá, faoi chomhaontú saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus tríú tír, faoi réir bearta trádála agus beart cosanta nó aon bheart eile a chuireann cosc ar tháirgí den sórt sin teacht isteach i margadh an Aontais Eorpaigh ar bhonn saor ó dhleacht agus saor ó chuóta.
4. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra do Choiste CCE gach bliain faoi liosta na n-ábhar agus na dtíortha a bhfuil feidhm ag forálacha mhír 1 maidir leo. Tar éis fógra a fháil, foilseoidh an Coimisiún Eorpach an liosta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus foilseoidh Stáit na hAfraice Láir é i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh Páirtí na hAfraice Láir fógra do Choiste CCE gach bliain maidir leis na hábhair ar cuireadh an carnadh dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2 i bhfeidhm maidir leo.
5. Chun críocha an charntha dá bhforáiltear i mír 1, i mbosca 7 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 19 nó sna dearbhuithe tionscnaimh arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 22, beidh ceann amháin de na ráitis seo a leanas:
 - ‘Application of Article 8a(1) of Protocol to the EU-Central Africa interim agreement’;
 - ‘Cur i bhfeidhm Airteagal 8a(1) den Phrótocal a ghabhann leis an gcomhaontú eatramhach idir an tAontas Eorpach agus an Afraic Láir’.
6. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ach ar na coinníollacha seo a leanas:

- a) go bhfuil socrú nó comhaontú maidir le comhar riaracháin déanta ag na tíortha uile a bhfuil baint acu leis an stádas tionscnaimh a fháil lena n-áirithítear cur chun feidhme ceart an Airteagail seo agus lena n-áirítear tagairt d'úsáid an chruthúnais tionscnaimh iomchuí;
- b) go soláthróidh Stáit na hAfraice Láir, trí bhíthin an Choimisiúin Eorpaigh, sonraí comhaontuithe don Aontas Eorpach, mionsonraí maidir le comhar riaracháin le tíortha nó le críocha eile dá dtagraítear san Airteagal seo. Foilseoidh an Coimisiún Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) an dáta a bhféadfar an carnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur i bhfeidhm leis na tíortha nó leis na críocha dá dtagraítear san Airteagal seo a bhfuil na ceanglais riachtanacha comhlíonta acu.

Airteagal 10

Aonad Incháilitheachta

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta le haghaidh chur i bhfeidhm fhorálacha an Phrótacail seo an táirge sonrath a meastar gurb é an bunaonad é agus an t-aicmiú á chinneadh le hainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe.

Dá bhrí sin:

- a) i gcás ina ndéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Comhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine a bheidh san aonad incháilitheachta;
 - b) nuair is éard atá i gcoinsíneacht líon táirgí combhionanna atá aicmithe faoi aon cheannteideal amháin den Chóras Comhchuibhithe, pléifear le gach táirge ina aonar agus forálacha an Phrótacail seo á gcur i bhfeidhm.
2. I gcás ina n-áireofar, de réir Riail Ghinearálta Uimh. 5 den Chóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críocha aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh.

Airteagal 11

Gabhálais, Páirteanna Breise agus Uirlisí

Gabhálais, páirteanna breise agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh nó nach bhfuil sonrath ar leith ag gabháil leo, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

Airteagal 12

Tacair

Maidir le tacair, mar a shainmhínítear i Riail Ghinearálta Uimh. 3 den Chóras Comhchuibhithe iad, measfar gur tacair tionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile iontu. Dá ainneoin sin, i gcás ina bhfuil idir tháirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 faoin gcéad de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

Airteagal 13

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é an táirge, ní bheidh sé riachtanach tionscnamh na nithe seo a leanas, ar féidir iad a úsáid le linn an mhonaraithe, a chinneadh:

- a) fuinneamh agus breoslaí;
- b) gléasra agus trealaimh;
- c) meaisíní agus uirlisí;
- d) earraí nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

Airteagal 14

Deighilt chuntasaíochta

1. I gcás ina mbíonn deacrachtaí suntasacha ó thaobh costais nó ábhair de chun stoic d'ábhair ar leithligh, idir ábhair thionscnaimh agus neamhthionscnaimh, a choimeád scartha ó chéile, féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin i scríbhinn ag na páirtithe lena mbaineann, an modh ar a dtugtar 'deighilt chuntasaíochta' (dá ngairtear an 'modh' anseo feasta) a údarú lena úsáid chun na stoic sin a bhainistiú.
2. Beidh feidhm ag an modh dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir le siúcra amh nach bhfuil ábhar blaistithe ná dathúcháin curtha leis agus atá beartaithe lena scagadh, de thionscnamh agus de neamhthionscnaimh, faoi fho-cheannteidil 170112, 170113, 170114 den Chóras Comhchuíbhithe, atá comhcheangailte go fisiceach nó measctha i Stát de chuid na hAfraice Láir nó san Aontas Eorpach sula n-onnmhairítear iad chuig an Aontas Eorpach agus chuig Stáit na hAfraice Láir faoi seach.
3. Áiritheofar leis an modh, tráth ar bith, i dtaca le líon nó cainníocht na dtáirgí a fhaightear a bhféadfaí a mheas gur de thionscnamh Stáit na hAfraice Láir nó de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad, gurb é an líon nó an chainníocht chéanna é leis an méid a gheofaí dá mbeadh deighilt fhisiciúil idir na stoic.
4. Féadfaidh na húdaráis chustaim deonú an údaráis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur faoi réir aon choinníoll a mheastar a bheith iomchuí.
5. Cuirfear an modh i bhfeidhm agus taifeadfar a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta ghinearálta is infheidhme sa tír ina monaraíodh an táirge.
6. Féadfaidh tairbhí an mhodha cruthúnas ar thionscnamh a leagan amach nó a iarraidh, de réir mar a bheidh, i dtaobh chainníocht na dtáirgí a measfar a bheith den tionscnamh sin. Ach iarratas a fháil ó na húdaráis chustaim, soláthróidh an tairbhí ráiteas faoin gcaoi ar bainistíodh na cainníochtaí.
7. Is iad na húdaráis chustaim a dhéanfaidh faireachán ar an úsáid a bhaintear as an údarú, agus féadfaidh siad é a tharraingt siar cibé uair a bhaineann an tairbhí úsáid mhíchuí as an údarú ar bhealach ar bith nó aon uair a mhainneoidh sé aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos sa Phrótacal seo a chomhlíonadh.
8. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, ciallaíonn 'ábhair idirmhalartacha' nó 'táirgí idirmhalartacha' ábhair nó táirgí den chineál céanna agus den cháilíocht tráchtála chéanna, a

bhfuil na saintréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu agus nach féidir a idirdhealú óna chéile chun a dtionscnamh a chinneadh.

TEIDEAL III
CEANGLAIS CHRÍOCHACHA

Airteagal 15

Prionsabal an chríochachais

1. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9, na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II maidir le stádas tionscnaimh a fháil ní mór iad a chomhlíonadh gan bhriseadh i bPáirtí na hAfraice Láir nó san Aontas Eorpach.
2. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9, i gcás ina ndéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh ó Pháirtí na hAfraice Láir nó ón Aontas Eorpach a chur ar ais, ní mór iad a mheas mar tháirgí neamhthionscnaimh, mura féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:
 - a) gurb iad na hearraí a cuireadh ar ais na hearraí a onnmhairíodh; agus
 - b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.
3. Ní dhéanfaidh oibriú nó próiseáil a dhéantar lasmuigh den Aontas Eorpach nó de Pháirtí na hAfraice Láir difear d'fháil stádaís tionscnaimh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i dTeideal II ar tháirgí a onnmhairítear ón Aontas Eorpach nó ó Pháirtí na hAfraice Láir agus a athallmhairítear ansin ina dhiaidh sin, ar choinníoll:
 - a) go bhfuil na táirgí sin faighte go hiomlán san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir nó go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5 sula ndéantar iad a onnmhairiú;
 - b) gur féidir a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:
 - i) go ndearnadh an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh lasmuigh den Aontas Eorpach nó de Pháirtí na hAfraice Láir faoi na socruithe próiseála amach, nó faoi shocruithe comhchosúla;
 - ii) go bhfuarthas na hearraí a athallmhairíodh trí oibriú nó próiseáil a dhéanamh ar na táirgí a onnmhairíodh;
 - iii) nach mó na costais uile a charntar lasmuigh de Pháirtí na hAfraice Láir nó lasmuigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear luach na n-ábhar a ionchorpraítear ansin, ná 10 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha a n-éilítear stádas tionscnaimh ina leith.
4. Maidir le hearraí a chomhlíonann coinníollacha mhír 3, déileálfar leis na costais uile a charntar lasmuigh de Pháirtí na hAfraice Láir nó lasmuigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear luach na n-ábhar a ionchorpraítear ann, mar chostais nach mbaineann le hábhar. Cinnfear stádas tionscnaimh na n-earraí ansin trí na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a chur i bhfeidhm trí luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach nó de Pháirtí na hAfraice Láir a charnadh.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 ná 4 maidir le táirgí ar féidir a mheas go bhfuil siad oibrithe nó próiseáilte go leordhóthanach ach amháin tríd an lamháltas ginearálta a leagtar síos in Airteagal 4(4) a chur i bhfeidhm.
6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 agus 4 maidir le táirgí ó Chaibidilí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe.

Airteagal 16

Prionsabal na neamhionramhála

1. Na táirgí a dhearbhaítear a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta i bpáirtí amháin, ní mór gurb iad sin na táirgí a onnmhairíodh ón bpáirtí eile ina meastar gur de thionscnamh an pháirtí sin iad. Ní dhéanfar athrú ná claochlú ar na hearraí ar aon bhealach ná ní bheidh oibríochtaí déanta orthu ach amháin chun dea-bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, stampa nó aon doiciméad a chur leo nó a ghreamú díobh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre náisiúnta de chuid an Pháirtí allmhairiúcháin sula ndearbhaítear iad le haghaidh a scaoilte i saorchúrsaíocht.
2. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil fad agus a fhanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír (sna tríú tíortha) idirthurais.
3. Gan dochar d'fhorálacha Theideal V, féadfar roinnt na gcoinsíneachtaí tarlú i gcás ina ndéanann an t-onnmhaireoir an roinnt nó i gcás ina ndéantar sin faoina fhreagracht, agus go bhfanfaidh na táirgí faoi mhaoirseacht chustaim sa tír nó sna tíortha idirthurais.
4. Glacfar leis go bhfuiltear ag comhlíonadh mhíreanna 1 go 3 mura mbeidh cúis ag na húdaráis chustaim a mhalairt a chreidiúint; i gcásanna den sórt sin, féadfaidh na húdaráis chustaim a iarraidh ar an dearbhóir fianaise ar chomhlíonadh a sholáthar, a fhéadfar a thabhairt ar mhodh ar bith, lena n-áirítear doiciméid iompair chonarthaacha amhail billí luchtá, nó fianaise fhíorasach nó nithiúil bunaithe ar mharcáil nó ar uimhriú pacáistí nó aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.

Airteagal 17

Neamhchosaintí

1. Na táirgí tionscnaimh, a sheoltar lena dtaispeáint i dtír nó i gcríoch seachas iontu siúd dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9 a bhfuil feidhm ag carnadh maidir leo agus a dhíoltar, tar éis an taispeántais, lena n-allmhairiú san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir, ceadaítear a n-allmhairiú ar mhaithe le forálacha an Chomhaontaithe ar choinníoll go léireofar sin chun sástacht na n-údarás custaim:
 - a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ó Pháirtí na hAfraice Láir nó ón Aontas Eorpach chuig an tír nó an tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;
 - b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile le duine i bPáirtí na hAfraice Láir nó san Aontas Eorpach;
 - c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint;
 - d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chríche seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Eiseofar nó tarraingeofar suas cruthúnas ar thionscnamh i gcomhréir le forálacha Theideal IV agus cuirfear isteach chuig údaráis chustaim na tíre allmhairithe ar an ngnáthmhodh é. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air. Más gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh iad.
3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtrannacha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

TEIDEAL IV

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH

Airteagal 18

Coinníollacha ginearálta

1. Maidir le táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, nuair a allmhairítear isteach i bPáirtí na hAfraice Láir iad, ceadáítear a n-allmhairiú ar mhaithe le forálacha an Chomhaontaithe nuair thíolacfar dearbhaithe, dá ngairtear an ‘dearbhú tionscnaimh’ anseo feasta, arna tharraingt suas ag an onnmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun gur féidir iad a shainathint. Tá téacs an dearbhaithe tionscnaimh in Iarscríbhinn IV.
2. Nuair a allmhairítear táirgí de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir isteach san Aontas Eorpach, ceadáítear a n-allmhairiú ar mhaithe le forálacha an Chomhaontaithe nuair a thíolacfar an méid seo a leanas:
 - a) deimhniú gluaiseachta EUR.1, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn III;
 - b) nó dearbhú dá ngairtear an ‘dearbhú tionscnaimh’ anseo feasta, arna thabhairt ag an allmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun iad a shainathint; tá téacs an dearbhaithe tionscnaimh in Iarscríbhinn IV.
3. Tabharfaidh Páirtí na hAfraice Láir fógra do Choiste CCE faoin dáta ar a mbeidh feidhm ag mír 2(b), más infheidhme, agus ag an mír sin amháin.

Chuige sin, tá geallta ag an Aontas Eorpach go dtacóidh sé le Páirtí na hAfraice Láir uirlisí agus nósanna imeachta simplithe agus oibríochtúla a chur ar bun.
4. De mhaolú ar fhorálacha mhíreanna 1 agus 2, ceadáítear táirgí tionscnaimh de réir bhrí an Phrótacail seo sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 26, ar mhaithe leis an gComhaontú, gan é a bheith riachtanach aon cheann de na doiciméid dá dtagraítear thuas a thíolacadh.
5. Chun forálacha an Teidil seo a chur i bhfeidhm, féachfaidh onnmhaireoirí le teanga is coiteann do Pháirtí na hAfraice Láir agus don Aontas Eorpach araon a úsáid.

Airteagal 19

Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Eiseoidh údaráis chustaim nó eagraíochtaí cigireachta na tíre allmhairiúcháin deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar iarratas i scríbhinn ón allmhaireoir nó, faoi fhreagracht an allmhaireora, óna ionadaí údaraithe.

2. Chun na críche sin, déanfaidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaraithe na deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an fhoirm iarratais araon a líonadh isteach, nithe a bhfuil samplaí díobh in Iarscríbhinn III. Déanfar na foirmlí sin a líonadh isteach i gcomhréir leis na forálacha a ghabhann leis an bPrótacal seo. Má líontar isteach de láimh iad, is le dúch agus sa chás uachtair a dhéanfar sin. Caithfear an tuairisc ar na táirgí a sholáthar sa bhosca atá curtha in áirithe chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, tarraingeofar líne cothrománach faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus crosálfar an spás bán.
3. Déanfaidh an t-onnmhaireoir a bhfuil eisiúint deimhniú gluaiseachta EUR.1 a iarraidh aige, aon tráth, ar iarraidh ó údaráis chustaim nó ó eagraíochtaí inniúla na tíre onnmhairiúcháin ina n-eisítear deimhniú gluaiseachta na dtráchtearraí EUR.1, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus gur comhlíonadh na ceanglas eile atá sa Phrótacal seo.
4. Eiseoidh údaráis chustaim nó eagraíochtaí inniúla Stáit na hAfraice Láir deimhniú gluaiseachta EUR.1 más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6, 7, 8 agus 9 iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sa Phrótacal seo.
5. Glacfaidh na húdaráis chustaim eisiúna deimhnithe EUR.1 nó na heagraíochtaí inniúla aon bheart is gá chun stádas tionscnaimh na dtáirgí agus comhlíonadh cheanglais eile an Phrótacail seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí. Áiritheoidh na húdaráis chustaim nó na heagraíochtaí inniúla a dhéanann na deimhnithe EUR.1 a eisiúint gur comhlánaíodh go hiomchuí na foirmeacha dá dtagraítear i mír 2. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar líonadh isteach an spás le haghaidh na tuairisce ar na táirgí i ndóigh nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.
6. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta EUR.1 luaite ar an deimhniú i mbosca 11.
7. Eiseoidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaithe a bheidh fíor-onnmhairiú déanta nó áiritithe.
8. Is iad na comhlachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo na comhlachtaí sin a údarófar i gcomhréir le rialacha inmheánacha Stát na hAfraice Láir agus eiseoidh siad deimhnithe gluaiseachta EUR.1 faoi rialú na n-údarás custaim.

Airteagal 20

Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach

1. D'ainneoin Airteagal 19(7), féadfar deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go heisceachtúil tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé i gcás:
 - a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla;
 - b) go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ach nár glacadh é tráth an allmhairithe ar chúiseanna teicniúla.
2. Chun mír 1 a chur chun feidhme, ní mór don onnmhaireoir a lua ina iarratas áit agus dáta onnmhairiú na dtáirgí a mbaineann an deimhniú gluaiseachta EUR.1 leo agus na cúiseanna atá lena iarraidh.
3. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim nó na heagraíochtaí inniúla deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go cúlghabhálach ach tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá in

iarratas an onnmhaireora ag teacht leis an bhfaisnéis sa chomhad a chomhfhreagraíonn don iarratas sin.

4. Beidh ceann amháin de na frásaí seo a leanas scríofa mar fhorghuiniú ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach:

‘ISSUED RETROSPECTIVELY’

‘DELIVRE A POSTERIORI’

5. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 4 isteach i mbosca ‘Nótaí’ an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

Airteagal 21

Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Má goideadh, má cailleadh nó má scriosadh deimhniú gluaiseachta EUR.1, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas a chur isteach chuig na húdaráis chustaim nó na heagraíochtaí inniúla a d’eisigh é ar dhúblach a tharraingeofar suas ar bhonn na ndoiciméad onnmhairiúcháin atá ina seilbh.
2. Beidh ceann amháin de na frásaí seo a leanas scríofa mar fhorghuiniú ar an dúblach:
‘DUPLICATE’
‘DUPLICATA’
3. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 2 isteach i mbosca ‘Nótaí’ an dúblaigh den deimhniú gluaiseachta EUR.1.
4. Ní mór dáta eisiúna an bhundeimhnithe gluaiseachta EUR.1 a bheith scríofa ar an dúblach agus beidh feidhm aige ón dáta sin ar aghaidh.

Airteagal 22

Coinníollacha maidir le dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas

1. Féadfaidh ceann díobh seo a leanas dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas:
 - a) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 18(1), onnmhaireoir atá cláraithe i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais;
 - b) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(b), onnmhaireoir atá cláraithe i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha Pháirtí na hAfraice Láir;
 - c) aon onnmhaireoir i gcás aon choinsíneacht arb éard atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6000.
2. Féadfar dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir nó de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9 iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile an Phrótacail seo.
3. An t-onnmhaireoir atá ag tarraingt suas dearbhú tionscnaimh, ní mór dó bheith in ann dearbhú tionscnaimh a chur i láthair tráth ar bith, ar iarratas ó údaráis chustaim na tíre onnmhairithe, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas ar stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann agus ar chomhlíonadh cheanglais eile an Phrótacail seo.

4. Is é an t-onnmhaireoir a tharraingeoidh an dearbhú tionscnaimh suas tríd an dearbhú, a bhfuil a théacs in Iarscríbhinn IV, a chlósscríobh, a stampáil nó a phriontáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad trádála eile, ag úsáid ceann de na leaganacha i dteanga atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre onnmhairiúcháin. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin.
5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar dhearbhuithe tionscnaimh. Dá ainneoin sin, de réir bhrí mhír 1(a) agus (b), ní bheidh ar onnmhaireoir na dearbhuithe sin a shíniú ar choinníoll go dtugann sé gealltanais i scríbhinn d'údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir go nglacann sé freagracht iomlán as aon dearbhú tionscnaimh ar a bhfuil sé aitheanta, mar a bheadh sé sínithe de láimh aige.
6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe ar choinníoll go dtíolacfar é sa tír onnmhairithe tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí a mbaineann sé leo.

Airteagal 23

Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh

1. Beidh cruthúnas ar thionscnamh bailí go ceann 10 mí tar éis dháta a eisiúna sa tír onnmhairiúcháin agus ní mór é a chur faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin laistigh den tréimhse sin.
2. Cruthúnas ar thionscnamh a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairithe tar éis an dáta deiridh lena dtíolacadh mar atá sonraithe i mír 1, féadfar iad a ghlacadh chun cóir fhabhrach a thabhairt más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.
3. I gcásanna eile inar tíolacadh na doiciméid sin go déanach, féadfaidh údaráis chustaim na tíre allmhairithe cruthúnas ar thionscnaimh a ghlacadh i gcás inar cuireadh na táirgí isteach roimh an dáta deiridh.

Airteagal 24

Cruthúnas ar thionscnamh a chur isteach

Cuirfear cruthúnas ar thionscnamh faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa tír sin. Féadfaidh na húdaráis sin aistriúchán ar chruthúnas ar thionscnamh a éileamh. Féadfaidh siad a éileamh freisin go mbeidh ráiteas ón allmhaireoir ag gabháil leis an dearbhú allmhairiúcháin ina bhfuil sé ráite go gcomhlíonann na táirgí na coinníollacha a éilítear chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

Airteagal 25

Allmhairiú i dtráthchodanna

I gcás ina ndéanfar, ar iarratas ón onnmhaireoir agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ag údaráis chustaim na tíre allmhairithe, táirgí ar táirgí iad atá díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta Uimh. 2(a) den Chóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Ranna XVI agus XVII nó cheannteidil Uimhreacha 7308 agus 9406 den Chóras Comhchuibhithe, i gcás ina ndéanfar táirgí den sórt sin a allmhairiú i dtráthchodanna, cuirfear aon chruthúnas ar thionscnamh amháin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

Airteagal 26

Díolúintí ó chruthúnas tionscnaimh

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach iad i gcáil táirgí tionscnaimh gan cruthúnas ar thionscnamh a bheith curtha isteach, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais an Phrótacail seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor. I gcás táirgí a sheoltar tríd an bpost, feadfar an dearbhú sin a dhéanamh ar dhearbhu custaim CN22/CN23 nó ar leathanach páipéir i gceangal leis an doiciméad sin.
2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoírí nó na taistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh.
3. Ina theannta sin, i gcás pacáistí beaga ní féidir luach iomlán na dtáirgí sin a bheith níos mó ná EUR 500, ná EUR 1 200 i gcás táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe.

Airteagal 27

Nós imeachta faisnéise maidir le carnadh

1. Nuair a chuirfear Airteagal 7(1) i bhfeidhm, déanfar cruthúnas ar stádas tionscnaimh de réir bhrí an Phrótacail seo ar na hábhair a thagann ó Pháirtí na hAfraice Láir, ón Aontas Eorpach, ó Stát ACC eile a chuir CCE i bhfeidhm, go sealadach ar a laghad, nó ó TCTL a chur i bhfeidhm le deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó le dearbhú ón soláthraí, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn V A a ghabhann leis an bPrótacal seo, arna thabhairt ag an onnmhaireoir i bPáirtí na hAfraice Láir nó san Aontas Eorpach ónar tháinig na hábhair.
2. Nuair a chuirfear Airteagal 7(2) i bhfeidhm, déanfar cruthúnas ar oibriú nó ar an bpróiseáil a rinneadh i bPáirtí na hAfraice Láir, san Aontas Eorpach, i Stát ACC eile a chuir CCE i bhfeidhm, go sealadach ar a laghad, nó ó TCTL a chur i bhfeidhm le dearbhú ón soláthraí, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn V B a ghabhann leis an bPrótacal seo, arna thabhairt ag an onnmhaireoir i bPáirtí na hAfraice Láir nó san Aontas Eorpach ónar tháinig na hábhair.
3. I gcás ina gcuirtear Airteagal 8(1) i bhfeidhm, cinnfear na doiciméid tacaíochta atá le soláthar chun tionscnamh a chruthú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le tíortha is tairbhíthe den GSP⁷;
4. I gcás ina gcuirtear Airteagal 9(1) i bhfeidhm, cinnfear na doiciméid tacaíochta atá le soláthar chun tionscnamh a chruthú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna socruithe nó sna comhaontuithe lena mbaineann.
5. Ní mór don soláthraí dearbhú soláthraí ar leith a dhéanamh le haghaidh gach coinsíneacht ábhair atá ar an sonrasc trádála a bhaineann leis an lastas sin nó in iarscríbhinn a ghabhann leis an sonrasc sin nó ar nóta seachadta nó doiciméad trádála eile a bhaineann leis an lastas sin ina bhfuil tuairisc ar na hábhair lena mbaineann atá mionsonraithe go leor chun gur féidir na hábhair a shainaithe leo.
6. Féadfar an dearbhú soláthróra a tharraingt suas ar fhoirm réamhchlóite.

⁷ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, chomh maith leis na téacsanna lena leasaítear an Rialachán sin agus téacsanna gaolmhara eile.

7. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar a dhearbhuithe sonraisc. Mar sin féin, i gcás ina mbunaítear an sonrasc agus an dearbhú soláthraí trí mhodhanna próiseála sonraí leictreonacha, ní gá síniú lámhscríofa an tsoláthraí a bheith ar dhearbhu soláthraí ar choinníoll go mbeidh an t-oifigeach freagrach sa chuideachta soláthraithe sainaitheanta chun sástacht na n-údarás custaim sa Stát ina ndéantar dearbhú an tsoláthraí. Féadfaidh na húdaráis chustaim sin coinníollacha a leagan amach maidir le cur chun feidhme na míre seo.
8. Cuirfear na dearbhuithe soláthraí isteach chuig na húdaráis chustaim sa tír onnmhairiúcháin ina n-iarrtar an deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint.
9. Ní mór don soláthraí a tharraingíonn suas dearbhú gach doiciméad iomchuí a chur isteach, tráth ar bith, ar iarraidh ó údaráis chustaim na tíre ina dtarraingítear suas an dearbhú, lena gcruthaítear go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú sin ceart.
10. Na dearbhuithe soláthróra agus na deimhnithe faisnéise arna n-eisiúint faoi na rialacha tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 13(1) den Chomhaontú roimh dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, beidh siad bailí fós ar feadh idirthréimhse 12 mhí.

Airteagal 28

Doiciméid tacaíochta

Doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus Airteagal 22(3) a úsáidtear chun a chruthú gur féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh Pháirtí na hAfraice Láir, an Aontais Eorpaigh nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9 iad na táirgí a chumhdaítear le deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó le dearbhú tionscnaimh, agus go gcomhlíonann na táirgí sin na ceanglais eile atá sa Phrótacal seo, féadfar na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheith i gceist leo:

- a) fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthraí chun na hearraí lena mbaineann a fháil, a fhaightear mar shampla ina chuntais nó ina leabharchoimeád inmheánach;
- b) doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas i bPáirtí na hAfraice Láir, san Aontas Eorpach nó i gceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9, i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- c) doiciméid lena gcruthaítear oibriú nó próiseáil na n-ábhar i bPáirtí na hAfraice Láir, san Aontas Eorpach nó i gceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9 a eisítear nó a tharraingítear suas i bPáirtí na hAfraice Láir, san Aontas Eorpach nó i gceann dtíortha nó críocha eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9 i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- d) deimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó dearbhuithe tionscnaimh lena gcruthaítear go bhfuil stádas tionscnaimh ag na hábhair a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas i Stát de chuid na hAfraice Láir, san Aontas Eorpach nó i gceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6, 7, 8 agus 9; agus i gcomhréir leis an bPrótacal seo.

Airteagal 29

An cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid tacaíochta a chaomhnú

1. An t-onnmhaireoir a dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh sé na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 19(3) ar feadh 3 bliana ar a laghad.

2. An t-onnmhaireoir a tharraingeoidh suas dearbhú tionscnaimh, coimeádfaidh sé cóip den dearbhú tionscnaimh sin maille leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar feadh 3 bliana ar a laghad.
3. Coimeádfaidh an soláthraí a tharraingeoidh suas dearbhú soláthraí ar feadh 3 bliana ar a laghad cóipeanna den dearbhú agus den sonrasc, nótaí seachadta nó doiciméad tráchtála eile dá gceanglaítear an dearbhú seo leo, chomh maith leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 27(9).
4. Údaráis chustaim na tíre onnmhairithe a eiseoidh deimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh siad an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 19(2) ar feadh 3 bliana ar a laghad.
5. Coimeádfaidh údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin ar feadh 3 bliana ar a laghad na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus na dearbhuithe tionscnaimhc a chuirtear isteach chucu.

Airteagal 30

Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréitigh bheaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas ar thionscnamh agus na ráitis a rinneadh sna doiciméid a cuireadh isteach chuig an oifig chustaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir leis na táirgí sin a allmhairiú, ní chuirfidh sin an cruthúnas ar thionscnamh ar neamhní ar fad ipso facto má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an doiciméad do na táirgí a cuireadh isteach.
2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló ar chruthúnas ar thionscnamh, níor cheart go ndiúltofaí don doiciméid sin dá ndeasca mura cúis amhrais iad maidir le cruinneas na ráiteas atá sa doiciméad sin.

Airteagal 31

Méideanna arna sloinneadh in euro

1. Chun forálacha Airteagal 22(1)(b) agus Airteagal 26(3) a chur i bhfeidhm i gcás ina sonrasctar na táirgí sin in airgeadra seachas euro, maidir le suimeanna in airgeadraí náisiúnta Stáit na hAfraice Láir, Bhallstáit den Aontas Eorpach agus tíortha nó críoch eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9 atá coibhéiseach leis na suimeanna arna sloinneadh in euro, déanfaidh gach tír lena mbaineann na suimeanna sin a shocrú go bliantúil.
2. Rachaidh forálacha Airteagal 22(1)(c) nó Airteagal 26(3) chun sochair do choinsíneacht trí thagairt don airgeadra ina dtarraingeofar suas an sonrasc, de réir na suime a shocraigh an tír lena mbaineann.
3. Beidh na suimeanna atá le húsáid in aon airgeadra náisiúnta áirithe coibhéiseach san airgeadra sin leis na suimeanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear na suimeanna in iúl don Choimisiún Eorpach faoin 15 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir na bliana ina dhiaidh sin. Is é an Coimisiún Eorpach a fhógróidh na suimeanna ábhartha sin do na tíortha uile.
4. An tsuim a thagann mar thoradh ar chomhshó na suime arna sloinneadh in euro isteach ina hairgeadra náisiúnta, féadfaidh tír an tsuim sin a shlánú suas nó síos. Ní fhéadfar difear níos mó ná 5 faoin gcéad a bheith idir an méid arna chomhshó agus an méid arna shlánú. Féadfaidh tír an choibhéis ina airgeadra náisiúnta féin den tsuim atá sloinnnte in euro a choinneáil má thagann méadú níos lú ná 15 % ar an gcoibhéis ina hairgeadra náisiúnta féin

as comhshó na suime sin, sula ndéanfar aon slánú uirthi tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3. Féadfar gan an choibhéis san airgeadra náisiúnta a choinneáil gan athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.

5. Déanfaidh Coiste CCE na suimeanna arna sloinneadh in euro a athbhreithniú ar iarraidh ón Aontas Eorpach nó ó Pháirtí na hAfraice Láir. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aige, cuirfidh Coiste CCE san áireamh a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorainneacha i gceist a choimeád i dtéarmaí réadacha. Chun na críche sin, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh na suimeanna atá sloinnte in euro a mhodhnú.

TEIDEAL V

COMHAR RIARACHÁIN

Airteagal 32

Coinníollacha riaracháin maidir le táirgí a thairbheofar den Chomhaontú

Maidir le táirgí de thionscnamh na coda sin den Afraic Láir nó de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí an Phrótacail seo, tráth a dhéanfar dearbhú allmhairiúcháin, rachaidh cóir fhabhrach ag eascairt as an gComhaontú chun socair do na táirgí sin ar choinníoll gur onnmhairíodh iad ar dháta a chomhlíon an tír onnmhairiúcháin na forálacha arna leagan síos in Airteagail 32, 34 agus 45 nó tar éis an dáta sin, agus ar an mbonn sin amháin.

Déanfaidh na páirtithe an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 33 a fhógairt.

Airteagal 33

Fógra na n-údarás custaim

1. Cuirfidh Stáit na hAfraice Láir agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar fáil dá chéile, tríd an gCoimisiún Eorpach agus tríd an Aireacht atá freagrach as an gComhaontú, seoltaí na n-údarás custaim atá freagrach as deimhnithe gluaiseachta EUR.1, dearbhuithe tionscnaimh agus dearbhuithe soláthraí a eisiúint agus a fhíorú, mar aon le clónna samplacha stampaí a úsáidtear in oifigí custaim chun deimhnithe den sórt sin a eisiúint.
Glacfar le deimhnithe gluaiseachta EUR.1 chomh maith leis na dearbhuithe tionscnaimh nó na dearbhuithe soláthraí chun cóir fhabhrach a chur chun feidhme ón dáta a bhfaighidh an Coimisiún Eorpach agus an Aireacht, atá i bhfeighil ar an gComhaontú, an fhaisnéis sin.
2. Cuirfidh Stáit na hAfraice Láir agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh in iúl dá chéile láithreach bonn cibé uair a tharlaíonn aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1.
3. Is faoi údarás rialtas na tíre lena mbaineann a ghníomhóidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 1. Beidh na húdaráis a bheidh i gceannas ar rialú agus fíorú ina gcuid d'údaráis rialtasacha na tíre lena mbaineann.

Airteagal 34

Socruithe eile maidir le comhar riaracháin

1. D'fhonn cur i bhfeidhm cuí an Phrótacail seo a áirithiú, tabharfaidh an tAontas Eorpach, Páirtí na hAfraice Láir agus na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6, 7, 8 agus 9 cúnamh dá chéile, trí na húdaráis chustaim inniúla, maidir le barántúlacht deimhnithe gluaiseachta EUR.1, dearbhuithe tionscnaimh nó dearbhuithe soláthraithe agus chruinneas na faisnéise atá sna doiciméid sin a sheiceáil. Ina theannta sin, déanfaidh Stáit na hAfraice Láir agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:

- a) gach comhar riaracháin is gá a sholáthar dá chéile i gcás iarraidh ar fhaireachán faoi bhainistiú agus rialú ceart an Phrótacail seo sa tír lena mbaineann, lena n-áirítear cuairteanna ar an láthair;
 - b) i gcomhréir le hAirteagal 35, stádas tionscnaimh na dtáirgí agus comhlíonadh na gcoinníollacha eile a leagtar síos sa Phrótacal seo a fhíorú.
- 2 Cuirfidh na húdaráis a rachfar i gcomhairle leo an fhaisnéis ábhartha ar fáil maidir leis na coinníollacha faoina ndearnadh an táirge, faisnéis ina luafar go háirithe na coinníollacha inar urramaíodh na rialacha tionscnaimhí bPáirtí na hAfraice Láir, san Aontas Eorpach agus sa tíortha eile dá dtagraítear in Airteagal 6, 7, 8 agus 9 lena mbaineann.

Airteagal 35

Cruthúnas ar thionscnamh a fhíorú

1. Is ar bhonn anailíse riosca agus go randamach a thabharfar faoi fhíoruithe iarmhartacha ar chruthúnais ar thionscnamh nó i gcásanna ina mbeidh amhras réasúnta ar údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin faoi bharántúlacht na ndoiciméad sin, faoi stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile den Phrótacal seo.
2. Chun críocha chur chun feidhme mhír 1, cuirfidh údaráis chustaim na tíre allmhairithe ar ais an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an sonrasc, má cuireadh isteach é, agus an dearbhú tionscnaimh, nó cóipeanna de na doiciméid sin chuig údaráis chustaim na tíre onnmhairithe agus tabharfaidh siad, más iomchuí, na cúiseanna atá le substaint nó le foirm na hiarrata ar fhíorú. Aon doiciméid agus aon fhaisnéis a fuarthas ina dtabharfar le fios go bhfuil an fhaisnéis a tugadh sa chruthúnas tionscnaimh míchruinn, seolfar ar aghaidh iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.
3. Is iad údaráis chustaim na tíre onnmhairithe a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí.
4. Má chinneann údaráis chustaim na tíre allmhairithe an chóir fhabhrach le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don allmhaireoir faoi réir aon bhearta réamhchúraim a mheastar a bheith riachtanach.
5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Ní mór leis na torthaí sin a léiriú go soiléir cé acu a bhfuil na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus an féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh na hAfraice Láir, an Aontais Eorpaigh, nó de thionscnamh ceann de na tíortha eile dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus 9, iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá sa Phrótacal seo.
6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann 10 mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leor an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, déanfaidh na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, teidlíocht ar an gcóir fhabhrach a dhiúltú.
7. Tagraíonn na Páirtithe d'Airteagal 7 den Phrótacal maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim le haghaidh fiosrúcháin chomhpháirteacha maidir le cruthúnais tionscnaimh.

Airteagal 36

Dearbhuithe soláthraí a fhíorú

1. Is ar bhonn anailíse riosca agus go randamach a thabharfar faoi fhíoruithe ar dhearbhuithé soláthraí nuair atá amhras réasúnta ar údaráis chustaim na tíre, tír inar cuireadh dearbhuithe den sórt sin san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú sonraise a tharraingt suas, ar amhras é faoi bharántúlacht an doiciméid nó faoi chruinneas na faisnéise atá sa doiciméad sin.
2. Na húdaráis chustaim a gcuirtear dearbhú soláthraí faoina mbráid, féadfaidh siad iarraidh ar údaráis chustaim an Stáit inar tarraingíodh suas an dearbhú doiciméad faisnéise a eisiúint, doiciméad a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn VI. De rogha air sin, na húdaráis deimhniúcháin a gcuirtear dearbhú soláthraí faoina mbráid, féadfaidh siad iarraidh ar an onnmhaireoir doiciméad faisnéise a thabhairt ar aird a d'eisigh údaráis chustaim an Stáit ina tarraingíodh suas an dearbhú.

Coimeádfaidh an oifig a d'eisigh deimhniú faisnéise cóip den deimhniú sin ar feadh 3 bliana ar a laghad.
3. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Ní mór a léiriú go soiléir sna torthaí sin cibé an bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú soláthraí cruinn agus a chur ar chumas na n-údarás custaim a chinneadh an bhféadfar, agus a mhéid a fhéadfar, an dearbhú sin a chur san áireamh chun deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas.
4. Is iad údaráis chustaim na tíre inar tarraingíodh suas an dearbhú soláthraí a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a éileamh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an tsoláthraí nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí chun cruinneas an dearbhaithe soláthraí a fhíorú.
5. Aon deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó aon dearbhú tionscnaimh a eisíodh nó a tarraingíodh suas ar bhonn dearbhú soláthraí a bhí míchruinn, measfar go bhfuil sé ar neamhní.

Airteagal 37

Réiteach díospóidí

1. I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i dtaca leis na nósanna imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Airteagal 35 agus in Airteagal 36, ar díospóidí iad nach féidir a shocrú idir na húdaráis chustaim a d'iarr fíorú agus na húdaráis chustaim a bhí freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, nó i gcás ina ndéanfaidh siad ceist i dtaobh léiriú an Phrótacail seo a thabhairt ar aird, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid Choiste CCE.
2. I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin a réiteach, is faoi reachtaíocht na tíre sin a réiteofar na díospóidí sin.

Airteagal 38

Pionóis

Forchuirfear pionóis ar aon duine a tharraingeoidh suas doiciméad, nó a chuirfidh faoi deara doiciméad a tharraingt suas, ina bhfuil faisnéis mhíchruinn chun cóir fhabhrach a fháil do tháirgí.

Airteagal 39

Saorchriosanna

I gcás táirgí atá á dtrádáil faoi chlúdach cruthúnais ar thionscnamh agus atá ag dul, le linn a n-iompair, trí shaorchrios ina gcóich, déanfaidh Páirtí na hAfraice agus an tAontas Eorpach gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear earraí eile ina n-ionad agus nach ndéanfar láimhseáil orthu seachas gnáthoibríochtaí atá ceaptha meathlú orthu a chosc.

De mhaolú ar fhorálacha mhír 1, i gcás ina n-allmhaireofar táirgí tionscnaimh Pháirtí na hAfraice Láir nó an Aontais Eorpaigh isteach i saorchrios faoi chlúdach cruthúnais ar thionscnamh agus a ndéantar cóireáil nó próiseáil orthu, eiseoidh na húdaráis lena mbaineann deimhniú gluaiseachta nua EUR.1 ar iarratas ón onnmhaireoir má chomhlíonann an chóireáil nó an phróiseáil a rinneadh forálacha an Phróiseáil seo.

Airteagal 40

Na maoluithe

1. Féadfaidh Coiste CCE maoluithe ar an bPrótacal seo a ghlacadh i gcás ina mbeidh údar cuí leis mar gheall ar thionscail atá ann cheana a fhorbairt nó tionscail nua a bhunú i bPáirtí na hAfraice Láir. Chuige sin, cuirfidh Stát na hAfraice Láir an iarraidh sin in iúl don Aontas Eorpach agus do Pháirtí na hAfraice Láir, roimh an tarchur chuig Coiste CCE ón Stát lena mbaineann nó san am céanna leis an tarchur sin, ar bhonn comhad tacaíochta arna tharraingt suas i gcomhréir le mír 2. Tabharfaidh an tAontas Eorpach freagra dearfach ar gach iarraidh ó Pháirtí na hAfraice Láir a bhfuil údar maith léirithe acu i gcomhréir leis an Airteagal seo agus nach féidir mórdhíobháil a dhéanamh do thionscal seanbhunaithe de chuid an Aontais Eorpaigh.
2. D'fhonn scrúdú na n-iarrataí ar mhaolú a éascú do Choiste, tabharfaidh an Stát de chuid na hAfraice Láir, trí bhíthin na foirme arna thabhairt in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an bPrótacal seo, an fhaisnéis ina iomláin is féidir lena gcumhdaítear na pointí a liostaítear thíos:
 - a) tuairisc ar an táirge críochnaithe;
 - b) cineál agus cainníocht ábhar de thionscnamh tríú tír;
 - c) cineál agus cainníocht na n-ábhar de thionscnamh Stát na hAfraice Láir atá i bpáirt leis an gComhaontú seo nó le tionscnamh na Stát nó na gcóich dá dtagraítear in Airteagal 7 nó na n-ábhar a próiseáladh ann;
 - d) próisis mhonaraíochta;
 - e) breisluach;
 - f) an líon fostaithe san fhiontar lena mbaineann;
 - g) líon ionchasach na n-onnmhairí chuig an Aontas Eorpach;
 - h) foinsí féideartha soláthair eile le haghaidh amhábhbar;
 - i) na cúiseanna atá leis an ré arna iarraidh i bhfianaise na n-iarrachtaí a rinneadh chun foinsí nua soláthair;
 - j) barúlacha eile.

Beidh feidhm ag na rialacha céanna sin i gcás iarrataí ar shíneadh ama.

Féadfaidh Coiste CCE an fhoirm a mhodhnú.

3. Cuirfear an méid seo a leanas, go háirithe, san áireamh agus iarrataí á scrúdú:
 - a) an leibhéal forbartha nó suíomh geografach Stáit na hAfraice Láir lena mbaineann;
 - b) cásanna ina bhféadfadh cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh atá ann faoi láthair difear mór a dhéanamh do chumas tionscadail atá ann faoi láthair i Stát na hAfraice Láir chun leanúint dá chuid onnmhairí chuig an Aontas Eorpach, ag féachaint go sonrach do chásanna ina bhféadfadh scor lena chuid gníomhaíochtaí bheith ann mar thoradh air;
 - c) cásanna sonracha inar féidir a léiriú go soiléir go bhféadfadh na rialacha tionscnaimh infheistíocht shuntasach i dtionscal a dhíspreagadh agus go bhféadfaí na rialacha sin a chomhlíonadh de réir a chéile le maolú i bhfabhar réadú an chláir infheistíochta.
4. I ngach cás, déanfar scrúdú le fáil amach an bhfuil na rialacha maidir le carnadh tionscnaimh ina réiteach nó nach bhfuil.
5. Ina theannta sin, i gcás ina mbainfidh an iarraidh ar mhaolú le Stát laghforbartha de chuid na hAfraice Láir, déanfar é a scrúdú le claontacht fhabhrach, agus aird ar leith á tabhairt ar na nithe seo a leanas:
 - a) tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an chinnidh a ghlacfar go háirithe i leith fostaíochta;
 - b) an gá leis an maolú a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse lena gcuirtear san áireamh cás áirithe Stáit na hAfraice Láir lena mbaineann agus a chuid deacrachtaí.
6. Agus scrúdú á dhéanamh ar iarrataí, tabharfar aird ar leith, de réir an cháis, ar an bhféidearthacht stádas tionscnaimh a thabhairt ar tháirgí lena n-áirítear a n-ábhair chomhchodacha de thionscnamh tíortha comharsanachta i mbéal forbartha nó a bhfuil baint acu leis na tíortha nach bhfuil chomh forbartha céanna nó atá i mbéal forbartha a bhfuil caidreamh speisialta acu le ceann amháin nó níos mó de stáit na hAfraice Láir, ar choinníoll gur féidir an comhar riaracháin sásúil a bhunú.
7. Déanfaidh Coiste CCE na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cinneadh a luaithe is féidir agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 75 lá oibre tar éis do Chomhchathaoirleach an Aontais Eorpaigh de Choiste CCE an iarraidh sin a fháil. Mura gcuireann an tAontas Eorpach Stáit na hAfraice Láir ar an eolas faoina sheasamh maidir leis an iarraidh laistigh den tréimhse sin, measfar gur glacadh leis an iarraidh.
8.
 - a) Beidh an maolú bailí ar feadh tréimhse, a mhairfidh 5 bliana go ginearálta, a bheidh le cinneadh ag Coiste CCE.
 - b) Féadfar foráil a dhéanamh sa chinneadh maidir le maolú go ndéanfar athnuachaintí gan ghá le cinneadh nua ó Coiste CCE, ar choinníoll go dtíolacfaidh Stát na hAfraice Láir, 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse, cruthúnas nach bhfuil sé nó siad fós in ann coinníollacha an Phrótacail seo a ndearnadh maolú orthu a chomhlíonadh.
 Má dhéantar aon agóid in aghaidh an tsínidh ama, scrúdóidh Coiste CCE é a luaithe is féidir agus cinnfidh sé cé acu an maolú a fhadú nó gan é a fhadú. Rachaidh an Coiste ar aghaidh mar a fhoráiltear i mír 7. Déanfar gach beart is gá chun briseadh i gcur i bhfeidhm an mhaolaithe a sheachaint.
 - c) Le linn na dtréimhsí dá dtagraítear i bhfomhír (a) agus i bhfomhír (b), féadfaidh Coiste CCE athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí chun an maolú a chur chun feidhme má fhaightear amach go ndearnadh athrú suntasach ar na tosca substainteacha lena rialáitear an cinneadh an maolú a dheonú. Ar a athbhreithniú a

thabhairt i gcrích, féadfaidh an Coiste a chinneadh téarmaí a chinnidh maidir le raon feidhme an mhaolaithe nó aon choinníoll eile a leagadh síos roimhe sin a leasú.

TEIDEAL VI

CEUTA AGUS MELILLA

Airteagal 41

Coinníollacha speisialta

1. Ní bheidh Ceuta agus Melilla faoi chumhdach an téarma ‘an tAontas Eorpach’ agus é in úsáid sa Phrótacal seo.
2. Maidir le táirgí de thionscnamh stáit na hAfraice Láir, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta nó Melilla iad, tairbheoidh siad, ar gach slí, den chóras custaim a chuirtear i bhfeidhm i gcás táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal Uimh. 2 d’Ionstraim aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile agus oiriúnuithe na gConarthaí. Maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú ábhartha agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, deonóidh Páirtí na hAfraice Láir dóibh an córas custaim céanna a dheonaítear i gcás táirgí a allmhairítear ón Aontas Eorpach agus ar de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad.
3. Chun mhír 2 a chur i bhfeidhm, mír a bhaineann le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, beidh feidhm ag an bPrótacal seo *mutatis mutandis* faoi réir na gcoinníollacha speisialta a leagtar amach in Airteagal 42.

Airteagal 42

Coinníollacha sonracha

1. Faoi réir Airteagal 14 a chomhlíonadh, measfar gur amhlaidh an méid seo a leanas:
 - 1) gur táirgí iad de thionscnamh Ceuta agus Melilla:
 - a) gur táirgí iad a fuarthas go hiomlán in Ceuta agus Melilla;
 - b) gur táirgí iad a fuarthas in Ceuta agus Melilla ar le linn a monaraithe a n-úsáidtear táirgí eile cé is moite díobh siúd dá dtagraítear in (a), ar choinníoll:
 - i) go ndearnadh oibriú agus próiseáil leordhóthanacha ar na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 4, nó
 - ii) gur de thionscnamh Stáit de chuid na hAfraice Láir nó an Aontais Eorpaigh iad na táirgí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5;
 - 2) gur táirgí iad de thionscnamh Stát de chuid na hAfraice Láir:
 - a) mar tháirgí a fuarthas go hiomlán i Stát de chuid na hAfraice Láir;
 - b) mar tháirgí a fuarthas i Stát de chuid na hAfraice Láir ina n-úsáidtear táirgí eile seachas na táirgí sin dá dtagraítear i bpointe (a) lena monarú, ar choinníoll:
 - i) go ndearnadh oibriú agus próiseáil leordhóthanacha ar na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 4, nó
 - ii) gur de thionscnamh Ceuta agus Melilla nó an Aontais Eorpaigh iad na táirgí sin, de réir bhrí an phrótacail seo, agus go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5.

2. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.
3. Cuirfidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaraithe na téarmaí ‘...’ agus ‘Ceuta agus Melilla’ isteach i mbosca 2 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó ar dhearbhuithe tionscnaimh. Ina theannta sin, i gcás táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, léireofar sin i mBosca 4 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó ar dhearbhuithe tionscnaimh.
4. Is iad údaráis chustaim na Spáinne a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm an Phrótacail seo in Ceuta agus Melilla.

TEIDEAL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 43

Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh

1. I gcomhréir le forálacha Airteagal 92 den Chomhaontú, féadfaidh Coiste CCE, aon uair a iarrfaidh Páirtí na hAfraice Láir nó an tAontas Eorpach é, scrúdú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Phrótacail seo agus ar a n-éifeachtaí eacnamaíocha d’fhonn iad a oiriúnú nó a mhodhnú más gá. Cuirfidh Coiste CCE san áireamh, i measc eilimintí eile, tionchar na bhforbairtí teicneolaíochta ar na rialacha tionscnaimh.
2. D’ainneoin fhorálacha mhír 1 den Airteagal seo, déanfar an Prótacal seo agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú roimh dheireadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.
3. Déanfaidh Coiste CCE measúnú ar chur chun feidhme fhorálacha Airteagal 18(3) bunaithe ar bhearta arna ndéanamh chuige sin.
4. Chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm ceart an Phrótacail seo, tabharfaidh Páirtí na hAfraice Láir agus an tAontas Eorpach gach comhar agus tacaíocht riaracháin is gá dá chéile i gcás iarraidh ar mhalartú faisnéise maidir le cur chun feidhme agus bainistiú an Phrótacail, lena n-áirítear le linn cuairteanna ar an láthair.

Airteagal 44

Iarscríbhinní

Beidh na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo ina gcuid dhílis den Phrótacal.

Airteagal 45

Cur chun feidhme an Phrótacail

An tAontas Eorpach agus Páirtí na hAfraice Láir, a mhéid a bhaineann le gach ceann díobh sin, déanfaidh siad na bearta ar fad is gá chun an Prótacal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- a) na socrúithe náisiúnta agus réigiúnacha riachtanacha is gá chun na rialacha agus nósanna imeachta a leagtar síos sa Phrótacal seo a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú, go háirithe, na socrúithe riachtanacha maidir le cur chun feidhme na nAirteagal a bhaineann leis an gcarnadh;
- b) bunú na struchtúr agus na gcóras riaracháin is gá chun tionscnamh na dtáirgí a bhainistiú agus a fhíorú go hiomchuí.

Forálacha Idirthréimhseacha maidir le hEarraí Faoi Bhealach nó i Stóráil

Earraí a chomhlíonann forálacha an Phrótacail agus atá, ar dháta a theacht i bhfeidhm, faoi bhealach nó i stóráil shealadach, i dtrádstórais chustaim nó i saorchriosanna san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir, is féidir iad a cheadú ar mhaithe le forálacha an chomhaontaithe seo faoi réir dheimhniú gluaiseachta EUR.1 arna eisiúint go cúlghabhálach ag údaráis chustaim na tíre onnmhairiúcháin a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin, laistigh de 10 mí ón dáta sin.

IARSCRÍBHINN I

RÉAMHNÓTAÍ MAIDIR LEIS AN LIOSTA A LEAGTAR AMACH IN IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN bPRÓTACAL

Fógra 1:

Leagtar amach sa liosta seo na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir leis na táirgí go léir chun a mheas an bhfuil siad leoroibrithe nó leorphróiseáilte de réir bhrí Airteagal 4 den Phrótacal sin.

Fógra 2:

1. Sa chéad dá cholún den liosta tugtar tuairisc ar an táirge a fuarthas. Tugtar sa chéad cholún uimhir an cheanteidil nó uimhir na caibidle a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe, agus tugtar sa dara colún tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa chóras sin faoin gceanteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontrála sa chéad dá cholún sonraítear riail i gcolún 3 nó 4. I gcásanna áirithe ina dtagann ‘ex’ roimh an iontráil sa chéad cholún, ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha i gcolún 3 nó 4 ach amháin maidir leis an gcuid den cheanteideal ar a dtugtar tuairisc i gcolún 2.
2. I gcás ina gcuirtear roinnt uimhreacha ceanteidil le chéile i gcolún 1 nó ina dtugtar uimhir caibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún 2 i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag na rialacha atá in aice leo i gcolún 3 nó colún 4 maidir le gach táirge, faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceanteidil na caibidle nó in aon cheann de na ceanteidil atá curtha le chéile ann.
3. I gcás ina bhfuil rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheanteideal, i ngach fleasc tá tuairisc ar an gcuid den cheanteideal atá faoi chumhdach na rialacha atá in aice leo i gcolún 3 nó 4.
4. Maidir le hiontráil sa chéad dá cholún, i gcás ina sonraítear riail i gcolún 3 agus 4 araon, de rogha air sin, féadfaidh an t-onnmhaireoir an riail a leagtar amach i gcolún 3 nó an riail a leagtar amach i gcolún 4 a chur i bhfeidhm. Mura dtugtar aon riail maidir le tionscnamh i gcolún 4, ní mór an riail a leagtar amach i gcolún 3 a chur i bhfeidhm.

Fógra 3:

1. Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 4 maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh bainte amach acu a úsáidtear i monarú táirgí eile, cibé acu laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile san Aontas Eorpach nó i bPáirtí na hAfraice Láir inar baineadh an stádas sin amach.

Mar shampla:

Inneall atá faoi cheanteideal Uimh. 8407 nach ceadmhach, de réir na rialach maidir leis, luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a fhéadfar a ionchorprú ann a bheith os cionn 40 %

den phraghas díreach ón monarcha, déantar é as ‘cruach cóimhiotail eile atá múnlaith go garbh le gaibhniú’ atá faoi cheannteideal Uimh. ex 7224.

Más rud é gur gaibhníodh an t-earra gaibhnithe sin san Aontas Eorpach ó thinne neamhthionscnaimh, tá stádas tionscnaimh bainte amach aige cheana féin de bhua na rialach maidir le ceannteideal Uimh. ex 7224 sa liosta. Féadfar a chur san áireamh ansin gur de thionscnamh ríomh luacha an innill an t-earra gaibhnithe is cuma cé acu a táirgeadh sa mhonarcha chéanna é nó a táirgeadh i monarcha eile san Aontas Eorpach é. Ní chuirtear luach an tinne neamhthionscnaimh san áireamh nuair a chuirtear le chéile luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh.

2. Leagtar amach sa riail sa liosta an t-íosmhéid oibrithe nó próiseála atá le déanamh; má dhéantar tuilleadh oibrithe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibrithe nó próiseála. Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadáitear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú agus ní cheadáitear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.
3. Gan dochar do Nóta 3.2 ina bhfuil riail lena sonraítear go bhféadfar ‘ábhair atá faoi aon cheannteideal’ a úsáid, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid freisin, faoi réir aon srian sonracha a d’fhéadfadh bheith sa riail freisin, áfach. Mar sin féin, ciallaíonn ‘monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal Uimh. ...’ nach bhféadfar ach ábhair atá aicmithe in aon cheannteideal leis an táirge a bhfuil a thuirisc éagsúil le tuairisc an táirge a thugtar i gcolún 2 sa liosta a úsáid.
4. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid. Ní gá na hábhair go léir a úsáid de réir na rialach sin.

Mar shampla:

Faoi na rialacha maidir le fabraicí atá faoi cheannteidil Uimhreacha 5208 go 5212 foráiltear go bhféadfar snáithíní nádúrtha a úsáid agus go bhféadfar na hábhair cheimiceacha sin, chomh maith le hábhair eile, a úsáid freisin. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach mór an dá cheann a úsáid; féadfar ceann amháin nó an ceann eile nó an dá cheann a úsáid.

5. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuirtear cosc leis an gcoinníoll sin, ar ábhair eile a úsáid, ábhair nach féidir an riail a chomhlíonadh de bharr chineál bunúsach na n-ábhar sin. (Féach Nóta 6.3 thíos i dtaca le teicstílí).

Mar shampla:

An riail maidir le bianna ullmhaithe atá faoi cheannteideal Uimh. 1904 nach n-áirítear go sonracha inti úsáid gránach agus a ndíorthach, faoin riail sin níl cosc ar shalainn mhianracha, ceimiceáin agus breiseáin eile nach táirgí iad a tháirgtear as gránaigh a úsáid.

Mar sin féin, níl feidhm aige sin maidir le táirgí is féidir a tháirgeadh as ábhar den chineál céanna le linn céim níos luaithe sa mhonarú, cé nach féidir na táirgí sin a mhonarú as na hábhair ar leith a shonraítear sa liosta.

Mar shampla:

I gcás baill éadaigh ó ex Caibidil 62 den Chóras Chomhchuibhithe atá déanta as ábhair neamhfhite, má cheadáitear snáth neamhthionscnaimh a úsáid le haghaidh earra san aicme sin, ní féidir tosú le héadach neamhfhite — fiú mura féidir éadaigh neamhfhite a dhéanamh

as snáth go hiondúil. I gcásanna mar sin, bheadh an t-ábhar tosaigh ag an gcéim a thagann roimh an snáth go hiondúil — is í sin an chéim snáithíní.

6. I gcás riail sa liosta, ina dtugtar dhá chéatadán le haghaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh is féidir a úsáid, ní fhéadfar na céatadán sin a chur le chéile. Is é sin le rá, ní fhéadfaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáideadh a bheith níos mó ná an céatadán is airde a tugadh. Anuas air sin, ní mór gan na céatadán aonair a shárú i dtaca leis na hábhair ar leith a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Fógra 4:

1. Úsáidtear an téarma ‘snáithíní nádúrtha’ sa liosta chun tagairt do na snáithíní nach snáithíní saorga ná sintéiseacha iad agus tá sé teoranta do na céimeanna a thugtar sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile ach nach bhfuil sníofa.
2. Áirítear leis an téarma ‘snáithíní nádúrtha’ rón atá faoi cheannteideal Uimh. 0511, síoda atá faoi cheannteidil 5002 agus 5003 chomh maith le snáithíní olla agus fionnadh ainmhíoch mín nó garbh atá faoi cheannteidil Uimh. 5101 go ceannteideal Uimh. 5105, snáithíní cadáis atá faoi cheannteidil Uimh. 5201 go Uimh. 5203 agus snáithíní plandúla eile atá faoi cheannteidil 5301 go 5305.
3. Úsáidtear na téarmaí ‘laíon teicstíle’, ‘ábhair cheimiceacha’ agus ‘ábhair déanta páipéir’ sa liosta chun tuairisc a thabhairt ar na hábhair nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, arb ábhair iad is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáth saorga, sintéiseach nó páipéir a mhonarú.
4. Úsáidtear an téarma ‘snáithíní stáplacha de dhéantús an duine’ sa liosta chun tagairt a dhéanamh do bharrach filiméadach, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, atá faoi cheannteidil Uimh. 5501 go Uimh. 5507.

Fógra 5:

1. I gcás ina ndéanfar tagairt don nóta seo, le haghaidh táirge áirithe sa liosta, ní chuirfear na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 3 i bhfeidhm maidir le haon ábhar teicstíle bunúsach a úsáidtear le linn mhonarú an táirge sin, arb ionann iad, nuair a chuirtear le chéile iad, agus 10 % nó níos lú de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáidtear. (Féach Nótaí 5.3 agus 5.4 thíos freisin).
2. Mar sin féin, ní féidir an lamháltas a luaitear i Nóta 5.1 a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó d’ábhair theicstíle bhunúsacha.

Is iad seo a leanas na hábhair theicstíle bhunúsacha:

- síoda,
- olann,
- fionnadh ainmhíoch garbh,
- fionnadh ainmhíoch mín,
- rón,
- cadás,
- ábhair déanta páipéir agus páipéar,
- líon,
- fíorchnáib,

- siúit agus snáithíní bealaithe teicstíle eile,
- iséal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas Agave,
- cnó cócócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile,
- filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine,
- filiméid shaorga de dhéantús an duine,
- filiméid seolta srutha,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilínítríle de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaitreafluaireitiléine de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha suilfíde polaiifeiniléine de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha clóiríde polaiviníle de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine,
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bídís,
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís,
- táirgí atá faoi cheannteideal 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach,
- táirgí eile atá faoi cheannteideal Uimh. 5605.

Mar shampla:

Is snáth measctha snáth atá faoi cheannteideal Uimh. 5205 atá déanta as snáithíní cadáis atá faoi cheannteideal Uimh. 5203 agus snáithíní stáplacha sintéiseacha atá faoi cheannteideal Uimh. 5506. Dá bhrí sin, snáithíní stáplacha sintéiseacha neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní cheadaítear ach monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle), féadfar iad a úsáid suas le meáchan arb ionann é agus 10 % den snáth.

Mar shampla:

Is fabraic mheasctha fabraic olla atá faoi cheannteideal Uimh. 5112 atá déanta as snáth olla atá faoi cheannteideal Uimh. 5107 agus snáth sintéiseach as snáithíní stáplacha atá faoi cheannteideal Uimh. 5509. Dá bhrí sin, snáth sintéiseach nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní mór monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle) nó snáth olla nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní mór monarú as snáithíní nádúrtha, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná

ullmhaithe ar shlí eile lena sníomh) nó teaghlaim den dá cheann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan na fabraice a meáchan iomlán.

Mar shampla:

Fabraic teicstíle dhosach atá faoi cheannteideal Uimh. 5802 atá déanta as snáth cadáis atá faoi cheannteideal Uimh. 5205 agus fabraic chadáis atá faoi cheannteideal Uimh. 5210, ní táirge meastha í ach amháin más fabraic mheasctha an fhabraic chadáis féin agus í déanta as snáth atá aicmithe faoi dhá cheannteideal ar leith nó más meascáin na snáthanna cadáis féin a úsáidtear.

Mar shampla:

Dá mba rud é go ndearnadh an fhabraic teicstíle dhosach as snáth cadáis atá faoi cheannteideal Uimh. 5205 agus fabraic shintéiseach atá faoi cheannteideal Uimh. 5407, is dhá ábhar teicstíle bhunúsacha an tsnátha a úsáidtear dá bhrí sin ar ndóigh agus is táirge measctha an fhabraic teicstíle stothach dá réir.

3. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear ‘snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídis galúnaithe nó ná bídis’, is ionann an lamháltas sin agus 20 % i ndáil leis an snáth sin.
4. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear ‘stíall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin idir dhá shraith de scannán plaisteach’, is ionann an lamháltas sin agus 30 % i ndáil leis an stíall sin.

Fógra 6:

1. I gcás na dtáirgí teicstíle sin, atá marcáilte sa liosta le fonóta a thagraíonn don Réamhnóta seo, ciumhsóga agus gabhálais teicstíle nach gcomhlíonann an riail a leagtar amach sa liosta i gcolún 3 maidir leis na táirgí comhdhéanta lena mbaineann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle go léir atá ionchorpraithe a meáchan.

Tá na ciumhsóga agus gabhálais teicstíle sin aicmithe i gCaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe. Níltear le breathnú ar idirlíneálacha agus idirlíneálacha mar chiumhsóga ná gabhálais.

2. Aon chiumhsóg nó gabhálás neamhtheicstíle nó ábhar eile a úsáidtear ina bhfuil teicstílí, ní cheanglaítear go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 3 cé nach dtagann siad faoi raon feidhme Nóta 3.5.
3. I gcomhréir le Nóta 3.5, aon chiumhsóga nó gabhálais neamhtheicstíle neamhthionscnaimh nó táirge eile nach bhfuil aon teicstílí ann, féadfar iad a úsáid gan bhac ar aon chaoi i gcás nach féidir iad a dhéanamh as na hábhair a liostaítear i gcolún 3 den liosta.

Mar shampla⁸, i gcás nach mór snáth a úsáid le haghaidh earra teicstíle ar leith, amhail blús, de réir riail sa liosta, ní hionann sin agus cosc a bheith ar úsáid earraí miotail, amhail cnaipí, mar ní féidir iad a dhéanamh as ábhair theicstíle.

4. I gcás ina bhfuil feidhm ag riail chéatadánach, ní mór luach na gciumhsóg agus na ngabhálais a chur san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh atá ionchorpraithe á ríomh.

Fógra 7:

⁸ Tugtar an sampla sin chun críoch an mhíneithe amháin. Níl sé ceangailteach go dlíthiúil.

1. Chun críocha cheantheidil Uimhreacha ex 2707, 2713 go 2715, ex 2901, ex 2902 agus ex 3403, is iad seo a leanas na ‘próisis shonracha’:
 - a) driogadh folúis;
 - b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach⁽⁹⁾;
 - c) scoilteadh;
 - d) athfhoirmiú;
 - e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
 - f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidrid shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
 - g) polaiméiriú;
 - h) ailciliú;
 - i) isiméiriú.
2. Chun críocha cheantheidil Uimh. 2710 go Uimh. 2712, is iad seo a leanas na ‘próisis shonracha’:
 - a) driogadh folúis;
 - b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach⁽¹⁰⁾;
 - c) scoilteadh;
 - d) athfhoirmiú;
 - e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
 - f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidrid shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
 - g) polaiméiriú;
 - h) ailciliú;
 - i) isiméiriú;
 - j) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díshulfarú le hidrigin arb é an toradh atá air laghdú 85 % ar a laghad ar chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (modh ASTM D 1266-59 T);
 - k) maidir leis na táirgí a thagann faoi cheannteideal Uimh. 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díphairifiniú trí bhíthin próiseas nach scagadh é;
 - l) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, cóireáil le hidrigin faoi bhrú is mó ná 20 bar agus ag teocht is airde ná 250 °C agus catalaíoch in úsáid, seachas chun difear a dhéanamh don díshulfarú, nuair is eilimint ghníomhach an hidrigin in imoibriú ceimiceach. Cóireáil bhreise le hidrigin ar olaí bealaithe atá faoi cheannteideal Uimh. ex 2710 (e.g. ‘hidrea-

⁹ Féach Nóta Miniúcháin 5(b) breise a ghabhann le Caibidil 27 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

¹⁰ Féach Nóta Miniúcháin 5(b) breise a ghabhann le Caibidil 27 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

bhailchríochnú' nó tuaradh), go háirithe chun dath nó seasmhacht a fheabhsú, ní mheasfar gur próiseas sonrath an chóireáil sin;

- m) maidir le 'holaí breosla' atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, driogadh atmaisféarach, ar choinníoll go ndriogann níos lú ná 30 % de na táirgí sin, de réir toirte, lena n-áirítear cailteanais, ag 300 C de réir mhodh ASTM D 86;
- n) maidir le holaí troma seachas olaí gáis agus 'olaí breosla' atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, cóireáil trí bhíthin scuab-dhíluchtú leictreach ardmhinicíochta.

3. Chun críocha cheanteidil Uimhreacha ex 2707, 2713 go 2715, ex 2901, ex 2902 agus ex 3403, oibríochtaí simplí amháil glanadh, scinceáil, díshailleadh, deighilt uisce, scagadh, dathú, marcáil, cion sulfair a bhaint amach trí tháirgí nach ionann a gcion sulfair a mheascadh; ní thugtar stádas tionscnaimh de bharr na n-oibríochtaí sin ná de bharr aon teaghlaim díobh nó d'oibríochtaí comhchosúla.

IARSCRÍBHINN II

LIOSTA DEN OIBRÍÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH CHUN GO bhFAIGHIDH TÁIRGE MONARAITHE STÁDAS TÁIRGE TIONSCNAIMH

Féadfaidh sé nach gcumhdaítear na táirgí uile a luaitear sa liosta faoin gComhaontú. Is gá dá bhrí sin na codanna eile den Chomhaontú a cheadú.

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
Caibidil 1	Ainmhithe beo	Ní mór na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 a fháil go hiomlán sa chríoch
Caibidil 2	Feoil agus scairteach feola inite	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidilí 1 agus 2 agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch
ex Caibidil 3	Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)		
0304	Filléid éisc agus feoil éisc eile (bídís mionaithe nó ná bídís), úr, fuaraithe nó reoite	Monarú nach mó luach na n-ábhar faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
0305	Iasc, triomaithe, saillte nó faoi sháile; iasc deataithe, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní éisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach mó luach na n-ábhar faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
0306	Crústaigh, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; crústaigh dheataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bídís crústaigh, sa bhlaosc, iad cócaráilte le gal nó beirithe in uisce, bídís fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile nó ná bídís; plúir, min agus millíní crústach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach mó luach na n-ábhar faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
0307	<p>Moilisc, bídis sa bhlaosc nó ná bídis, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; moilisc dheataithe, bídis sa bhlaosc nó ná bídis, bídis cócaráilte</p> <p>roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní moileasc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine</p>	<p>Monarú nach mó luach na n-ábhar faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p>
0308	<p>Inveirteabraigh uisceacha seachas crústaigh agus moilisc, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; inveirteabraigh uisceacha deataithe, seachas crústaigh agus moilisc, bídis cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúir, min agus millíní inveirteabraigh</p> <p>uisceacha seachas crústaigh agus moilisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine</p>	<p>Monarú nach mó luach na n-ábhar faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p>

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
ex Caibidil 4	Bainne agus táirgí déiríochta; uibheacha éan, mil nádúrtha, táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
0403	Bláthach, bainne gruthach agus uachtar gruthach, iógart, ceifir agus bainne agus uachtar coipthe nó aigéadaithe eile, bídis comhdhlúite nó ná bídis nó bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo nó ná bíodh nó bídis blaistithe nó ná bídis nó bíodh torthaí, cnónna nó cócó curtha leo nó ná bídis	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 4 agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch, - nach mór na súnna torthaí ar fad (seachas sú anainn, líoma nó seadóige) atá faoi cheannteideal 2009 agus a úsáidtear ann a bheith ina dtáirgí tionscnaimh, agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 5	Táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 5, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
ex 0502	Guaireach agus fionnadh muc, borraí nó torc atá ullmhaithe	Glanadh, dífhachtú, sórtáil agus díriú guairí agus fionnadh
Caibidil 6	Crainn bheo agus plandaí eile, bleibeanna, fréamhacha agus rudaí mar iad, bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 6 agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán, agus - nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
Caibidil 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
Caibidil 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - nach mór na torthaí agus cnónna uile agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch, agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 9	Caife, tae, maité agus spíosraí; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 9, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
0901	Caife, bíodh sé rósta nó díchaiféinithe nó ná bíodh; blaoscanna agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
0902	Tae, bíodh blas curtha leis nó ná bíodh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
ex 0910	Meascáin spíosraí	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
Caibidil 10	Gránaigh	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Túairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
ex Caibidil 11	Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta; seachas:	Monarú nach mór na gránaigh agus na glasraí, na fréamhacha agus na tiúbair inite uile atá faoi cheannteideal Uimh. 0714 nó na torthaí inite uile a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch
ex 1106	Plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe atá faoi cheannteideal 0713	Triomú agus meilt na nglasraí léagúmacha atá faoi cheannteideal 0708
Caibidil 12	Olashiolta agus torthaí olúla; Olashiolta agus torthaí olúla; gráinní, siolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 12, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
1301	Leaic; gumaí nádúrtha, roisíní nádúrtha, gumroisíní nádúrtha agus olaroisíní nádúrtha (balsaim, mar shampla)	Monarú nach mó luach aon ábhar atá faoi Cheannteideal Uimh. 1301 agus a úsáidtear ann ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
1302	Súnna glasraí agus úisc phlandúla; substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití; agar agus gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídis modhnaithe nó ná bídis, a fhaightear ó tháirgí plandúla:	

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)	- gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídis nó ná bídis modhnaithe, a fhaightear ó tháirgí glasra	Monarú as gumalachtaí agus tiúsóirí neamh-mhodhnaithe
	- eile	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
Caibidil 14	Ábhair thrilsithe glasraí; táirgí glasraí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 14, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
ex Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla; seachas:	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
1501	Saill muice (lena n-áirítear blonag) agus saill éanlaithe clóis, seachas saill atá faoi cheannteidil Uimh. 0209 nó Uimh. 1503:	
	- saill ó chnámha nó fuíoll	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 0203, 0206 nó 0207, nó cnámha atá faoi cheannteideal 0506
	- eile	Monarú as feoil nó scairteach inite ó mhuca atá faoi cheannteideal 0203 nó 0206 nó as feoil agus scairteach inite ó éanlaith chlóis atá faoi cheannteideal 0207

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)		
1502	Saill ó bhó-ainmhithe, ó chaoirigh nó ó ghabhair, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 1503:	
	- saill ó chnámha nó fuíoll	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 0201, 0202, 0204 agus 0206, nó cnámha atá faoi cheannteideal 0506
	- eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 2, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
1504	Saill agus olaí agus a gcodáin, ó éisc nó ó mhamaigh farraige, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu:	
	– codáin sholadacha	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1504
	- eile	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 agus 3 agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch
ex 1505	Lanailin scagtha	Monarú as gréisc amhola atá faoi cheannteideal 1505

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
1506	sailte ainmhíocha eile agus olaí ainmhíocha eile agus a gcodáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach:	
	– codáin sholadacha	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1506
	- eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 2, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
1507 1515	go Olaí plandaí agus a gcodáin:	
	- ola soighe, ola phis talún, ola phailme, ola chnó cócó, ola eithne phailme, ola bhabasú, tungola agus ola oiticica, céir mhiortail agus céir Sheapánach, codáin ola hahóba agus olaí le haghaidh úsáidí teicniúla nó tionsclaíocha seachas monarú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
	- codáin sholadacha, seachas i gcás ola hahóba	Monarú as ábhair eile atá faoi cheannteidil 1507 go 1515
	- eile	Monarú ina bhfuil na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
1516	Sailhte agus olaí ainmhíocha nó plandúla, agus a gcodáin, iad hidriginthe, idireistearaithe, atheistearaithe nó eilídinthe, go páirteach nó go hiomlán, bídis scagtha nó ná bídis, ach gan ullmhú thairis sin orthu	Monarú: - ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 2 agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán, agus - nach mór na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi cheannteidil Uimhreacha 1507, 1508, 1511 agus 1513 a úsáid
1517	Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shailhte ainmhíocha nó glasraí, nó d'olaí ainmhíocha nó glasraí, nó de chodáin de shailhte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na sailhte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 1516	Monarú: - ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 2 agus 4 a úsáidtear ann, faighte go hiomlán, agus - nach mór na hábhair glasraí uile a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi cheannteidil Uimhreacha 1507, 1508, 1511 agus 1513 a úsáid
Caibidil 16	Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile	Monarú as ainmhithe atá faoi Chaibidil 1
1604 agus 1605	Éisc atá ullmhaithe nó leasaithe; caibheár agus ionadaigh chaibheáir a ullmhaíodh ó eochraí éisc; Crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile atá ullmhaithe nó leasaithe	Monarú nach mó luach na n-ábhar faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 17	Siúcraí agus milseoga siúcra; seachas:	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
ex 1701	Siúcra cána nó biatais agus siúcros atá ion go ceimiceach, i bhfoirm sholadach, blaistithe nó daite	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear luchtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá ion go ceimiceach, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, bíodh sí measctha le mil nádúrtha nó ná bíodh; caramal	
	- maltós agus fruchtós atá ion ó thaobh ceimice de	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1702
	- siúcraí eile i bhfoirm sholadach, a bhfuil ábhar blaistithe nó dathúcháin curtha leis	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
	- eile	Monarú nach mór na hábhair uile a úsáidtear ann a bheith de thionscnamh na críche sin cheana féin
ex 1703	Molás de thoradh siúcra, blaistithe nó daite, a eastóscadh nó a mhínphróiseáil	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
1704	Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó ann	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
1901	<p>Úsc braiche; ullmhóidí bia de phlúr, piocuaran, min, stáirse nó eastóscán braiche, nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 40 % a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshailte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile; ullmhóidí bia d'earraí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404 nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 5 % a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshailte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile:</p> <p>- úsc braiche</p>	<p>Monarú as gránaigh atá faoi Chaibidil 10</p>

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)	- eile	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
1902	<p>Pasta, bíodh sé cócaráilte nó líonta le búiste (feola nó substaintí eile) nó ná bíodh, nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh:</p>	<p>Monarú nach mór na gránaigh agus díorthaigh go léir (seachas cruithneacht chrua agus a díorthaigh) a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch</p>
	<p>- ina bhfuil 20 % nó níos lú de réir meáchain, d'fheoil, scairteach feola, iasc, crústaigh nó moilisc</p>	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - nach mór na gránaigh agus díorthaigh go léir (seachas cruithneacht chrua agus a díorthaigh) a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch, agus - ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidilí 2 agus 3 agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
1903	Taipióca agus ionadaigh de atá déanta as stáirse, iad i bhfoirm calóg, gráinní, péarlaí, fuíoll criathair nó foirmeacha comhchosúla	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas stáirse prátaí atá faoi cheannteideal 1108
1904	Bianna ullmhaithe a fhaightear trí ghránaigh nó trí tháirgí gránacha a shéideadh nó a róstadh (calóga arbhair, mar shampla); gránaigh seachas arbhar Indiach i bhfoirm gránach nó i bhfoirm calóg nó gránach oibrithe eile (seachas plúr, piocuaran agus min), iad réamhchócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 1806, - nach mór na gránaigh agus an plúr uile (seachas cruithneacht chrua agus a díorthaigh Zea indurata) a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch, agus - nach mó luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
1905	Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d'úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, ríspháipéar agus táirgí comhchosúla	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas iad siúd atá faoi Chaibidil 11
ex Caibidil 20	Ullmhóidí de ghlasraí, de thorthaí, de chnónna nó de chodanna eile plandaí; seachas:	Monarú nach mór na torthaí, cnónna nó glasraí uile a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)		
ex 2001	Ionaim, prátaí milse agus codanna inite comhchosúla de phlandaí a bhfuil 5 % nó níos mó de stáirse iontu de réir meáchain, ullmhaithe nó leasaithe le finéagar nó le haigéad aicéiteach	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
ex 2004 agus ex 2005	Prátaí i bhfoirm plúir, mine nó calóg, ullmhaithe nó leasaithe gan finéagar ná aigéad aicéiteach a úsáid	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
2006	Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, leasaithe le siúcra (draenáilte, glacé nó criostalaithe)	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
2007	Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, purée torthaí nó cnónna agus leafaóis torthaí nó cnónna, a fhaightear trí chócaráil, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise eile curtha leo nó ná bíodh	Monarú: - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2008	- Cnónna nach bhfuil siúcra breise nó biotáillí curtha leo	Monarú ina bhfuil luach na gcnónna agus síolta ola tionscnaimh atá faoi cheannteidil Uimhreacha 0801, 0802 agus 1202 go 1207 agus a úsáidtear ann níos mó ná 60 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)	- Im piseanna talún; meascáin atá bunaithe ar ghránaigh; croithe pailme; grán buí (arbhar Indiach)	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
2009	Eile, seachas torthaí agus cnónna atá cócaráilte ar bhealach seachas trína ngalbhrúith nó trína mbrúith in uisce, nach bhfuil siúcra breise curtha leo, reoite	Monarú: - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
2009	Súnna torthaí (lena n-áirítear úrfhion fionchaor) agus súnna glasraí, neamhchoipthe agus nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise curtha leo nó ná bíodh	Monarú: - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha; seachas:	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
2101	Eastóscáin, úscaí agus tiúcháin, de chaife, de thae nó de mhaité agus ullmhóidí de bhunús na dtáirgí sin nó de bhunús caife, tae nó maité; siocaire rósta agus ionadaigh rósta eile caife, agus úisc, úscaí agus tiúcháin díobh:	Monarú: - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mór an siocaire uile a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)		
2103	Anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha; plúir mhustaird agus min mustaird agus mustard ullmhaithe:	<p>Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas cheannteideal an táirge. Féadfar plúr mustaird nó min mhustaird nó mustard ullmhaithe a úsáid, áfach</p>
	- anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal
ex 2104	Ullmhóidí le haghaidh anraithí agus bratanna; anraithí agus bratanna	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas glasraí ullmhaithe nó leasaithe atá faoi cheannteidil 2002 go 2005
2106	Ullmhóidí bia nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é cheannteideal an táirge é; agus - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
ex Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus fínéagar; seachas:	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - a bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; agus - nach mór na fionchaora uile nó aon ábhar a fhaightear ó fhionchaora a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch
2202	Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianracha agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaitithe, agus deochanna neamhalcólacha eile, seachas súnna torthaí nó glasraí atá faoi cheannteideal 2009	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, - nach mó luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáidtear ann ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha, agus - nach mór aon sú torthaí (seachas sú anainn, líoma nó seadóige) a úsáidtear ann a bheith de thionscnamh na críche
2207	Alcól eitile gan dínádúrá ar 80 % nó níos mó a neart alcóil de réir toirte; alcól eitile agus biotáillí eile, iad dínádúraithe, d'aon neart	<p>Monarú:</p> <p>as ábhair nach bhfuil aicmithe faoi cheannteideal Uimh. 2207 ná 2208, agus</p> <ul style="list-style-type: none"> - nach mór na fionchaora go léir nó aon ábhar a fhaightear ó fhionchaora a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch nó más de thionscnamh na críche na hábhair eile uile a úsáidtear, féadfar arac a úsáid suas go dtí teorainn 5 % de réir toirte

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
2208	Alcól eitile gan dínádúrá ar lú ná 80 % a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile	<p>Monarú:</p> <p>as ábhair nach bhfuil aicmithe faoi cheannteideal Uimh. 2207 ná 2208, agus</p> <p>- nach mór na fionchaora go léir nó aon ábhar a fhaightear ó fhionchaora a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch nó más de thionscnamh na críche na hábhair eile uile a úsáidtear, féadfar arac a úsáid suas go dtí teorainn 5 % de réir toirte</p>
ex Caibidil 23	Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe; seachas:	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
ex 2301	Min míl mhóir; plúir, min agus millíní, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh eile uisce, atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidilí 2 agus 3 agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch
ex 2303	Iarmhair ó mhonarú stáirse as arbhar Indiach (seachas licéir thiubhaithe maóis), a bhfuil cion próitéine iontu, arna ríomh de réir an táirge thirim, atá níos mó ná 40 % de réir meáchain	Monarú nach mór an t-arbhar Indiach uile a úsáidtear ann a bheith faighte go hiomlán
ex 2306	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile atá de thoradh ar úscadh ola olóige, a bhfuil níos mó ná 3 % d'ola olóige ann	Monarú nach mór na hológa uile a úsáidtear ann a bheith faighte go hiomlán

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)		
2309	Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe	<p>Monarú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - nach mór na gránaigh, an siúcra nó molás, an fheoil agus an bainne uile a úsáidtear ann a bheith de thionscnamh na críche cheana féin, agus - nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 3 agus a úsáidtear ann a fháil go hiomlán sa chríoch
ex Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 24, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán
2402	Todóga, seiriúit, todóigíní agus toitíní, ó thobac nó ó ionadaigh tobac	Monarú nach mór 70 % ar a laghad den tobac neamh-mhonaraithe nó dramhaíl tobac, de réir meáchain, atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear ann a bheith de thionscnamh
ex 2403	Tobac lena chaitheamh	Monarú nach mór 70 % ar a laghad den tobac neamh-mhonaraithe nó dramhaíl tobac, de réir meáchain, atá faoi cheannteideal 2401 a úsáidtear ann a bheith de thionscnamh
ex Caibidil 25	Salann; sulfar; cré agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin; seachas:	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
ex 2504	Graifít chriostalach nádúrtha, atá saibhríte le cion carbóin agus atá íonghlanta agus meilte	An t-ábhar carbóin a shaibhriú, graifít chriostalach amh a íonghlánadh agus a mheilt

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuairisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh(3).....nó.....(4)
(1)		
ex 2515	Marmar go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina bhloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach), nach mó ná 25 cm ar tiús	Marmar (fiú má sábhadh é cheana) a ghearradh, le sábh nó ar bhealach eile, is mó ná 25 cm ar tiús
ex 2516	Eibhear, porfaire, basalt, gaineamhchloch agus cloch i gcomhair leacht cuimhne nó cloch thógála eile, go díreach gearrtha, le sábh nó ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach), nach mó ná 25 cm ar tiús	Cloch (fiú má sábhadh í cheana) a ghearradh, le sábh nó ar bhealach eile, is mó ná 25 cm ar tiús
ex 2518	Dolaimít chailcínithe	Dolaimít nach bhfuil cailcínithe a chailcíníú
ex 2519	Carbónáit mhaighnéisiam nádúrtha brúite (maighnéidít), i gcoimeádáin shéalaithe go heirméiteach, agus ocsaíd mhaighnéisiam, bídis íon nó ná bídis, seachas maignéis chomhleáite nó maignéis atá cailcínithe amach (ar tháinig sintéar uirthi)	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaighnéisiam nádúrtha (maighnéidít) a úsáid
ex 2520	Greimlíne ullmhaithe go speisialta le haghaidh fíaclóireachta	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2524	Snáithíní aispeiste nádúrtha	Monarú as tiúchán aispeiste

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
ex 2525	Púdar míoca	Míoca nó dramhail míoca a mheilt
ex 2530	Cré-dhathanna, bídis cailcínithe nó púdráilte	Cré-dhathanna a mheilt nó a chailcíníú
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
ex Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha; seachas:	Monarú a bhfuil na hábhair uile a úsáidtear ann aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge
ex 2707	Olaí ina bhfuil meáchan na gcomhábhar aramatach níos mó ná meáchan na gcomhábhar neamharamatach, ar olaí iad atá cosúil le holaí mianracha a fhaightear trí tharra guail ardteochta a dhriogadh, is é sin tarra guail ardteochta a ndriogann níos mó ná 65 % de, de réir toirte, ag teocht nach mó ná 250 °C (lena n áirítear meascáin de bhíotáille peitriam agus beansól), lena n úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téite	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ¹¹ nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair a aicmítear faoi aon cheannteideal amháin a úsáid ar choinníoll nach bhfuil a luach níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2709	Amholaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha	Driogadh deighilteach a dhéanamh ar ábhair bhíotúmanacha

¹¹ Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le ‘próisis shonracha’, féach Réamhnótaí 7.1 agus 7.3.

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
2710	Olaí peitriiliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas amholáí; ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 70 % nó níos mó d'olaí peitriiliam nó d'olaí a fhaightear ó mhianraí bhíotúmanacha, ós iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ¹² nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair a aicmítear faoi aon cheannteideal amháin a úsáid ar choinnioll nach bhfuil a luach níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
2711	Gáis pheitriiliam agus hidreacarbóin ghásacha eile	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ¹³ nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair a aicmítear faoi aon cheannteideal amháin a úsáid ar choinnioll nach bhfuil a luach níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

¹² Maidir le coinniollacha speisialta a bhaineann le 'próisis shonracha', féach Réamhnóta 7.2.

¹³ Maidir le coinniollacha speisialta a bhaineann le 'próisis shonracha', féach Réamhnóta 7.2.

Ceannteideal CC (Córas Comhchuibhit he)	Tuirisc ar an Táirge (2)	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh (3).....nó.....(4)
(1)		
2712	Glóthach pheitriam; céir phairifín, céir pheitriam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianracha eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ¹⁴ nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáideadh aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair a aicmítear faoi aon cheannteideal amháin a úsáid ar choinníoll nach bhfuil a luach níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
